


Tuarascáil speisialta

Ioncam AE atá bunaithe ar dhramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach neamh-athchúrsáilte

Tús dúshlánach atá faoi bhac ag sonraí nach bhfuil inchomparáide ná iontaofa go leor



CÚIRT
INIÚCHÓIRÍ
NA hEORPA

Clár

	Alt
Achoimre feidhmiúcháin	I-VIII
Réamhrá	01-17
An acmhainn dhílis nua bunaithe ar dhramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach neamh-athchúrsáilte	01-07
Ríomh agus bailiú na hacmhainne dílse bunaithe ar phlaisteach	08-10
Ríomh na dramhaíola ó phacáistíocht phlaisteach a ghintear agus a athchúrsáiltear	11-15
Róil agus freagrachtaí	16-17
Scóip agus cur chuige na hiniúcháireachta	18-24
Barúlacha	25-94
Níor tharla tabhairt isteach na hacmhainne dílse nua ar bhealach rianúil, rud a d'fhág go raibh meastacháin mhíchruinne ann	25-60
Ní raibh na Ballstáit ullmhaithe go leordhóthanach, agus bhí tacaíocht ón gCoimisiún ábhartha ach ní raibh sí tráthúil	25-41
Chuir sainmhíniú neamhréireach ar <i>phlaisteach</i> agus éiginnteacht dhlíthiúil bac ar thabhairt isteach comhchuibhithe na hacmhainne dílse	42-53
Sa chéad bhliain den chur chun feidhme, rinneadh gannmheastachán de €1.1 billiún ar an acmhainn dhílis bunaithe ar phlaisteach a bhí tuartha agus b'éigean ranníocaíochtaí bunaithe ar OIN cúiteamh a dhéanamh chun buiséad an Aontais a chomhardú	54-60
Níor tugadh aghaidh go fóill ar fhadhbanna a bhaineann le hinchomparáideacht agus le hiontaofacht sonraí	61-94
Baineann na Ballstáit úsáid as modhanna tiomsaithe éagsúla agus ní dhéanann siad na torthaí a fhaightear a chomhardú	61-66
Ní dhéantar an méid a athchúrsáiltear a thomhas ag pointe iontrála na hoibríochta athchúrsála	67-71
Tá baol ann go bhféadfadh na sonraí maidir le cainníochtaí athchúrsáilte a bheith neamhiontaofa, mar gheall ar easpa seiceálacha ar phróiseáil dramhaíola a fhaigheann athchúrsálaithe	72-88

Leanann cigireachtaí an Choimisiúin próisis sheanbhunaithe, ach ní leor iad chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí is airde do thiomsú sonraí **89-94**

Conclúidí agus moltaí **95-98**

Iarscríbhinní

Iarscríbhinn I – Glan-ranníocaíochtaí na mBallstát leis an acmhainn dhílis bunaithe ar phlaisteach in 2023 agus laghduithe comhfhreagracha

Giorrúcháin

Gluais

Freagraí ón gCoimisiún

Amlíne

Foireann iniúchóireachta

Achoimre feidhmiúcháin

I Is iad acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh na príomhfhoinsí ioncaim do bhuiséad an Aontais. I mí Eanáir 2021, thug an tAontas isteach acmhainn dhílis nua bunaithe ar dhramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach neamh-athchúrsáilte arna ghiniúint ag na Ballstáit. Ba é an aidhm a bhí leis sin ná foinsí ioncaim an Aontais a éagsúlú agus rannchuidiú lena chuspóirí comhshaoil trí dhreasacht a chur ar fáil do na Ballstáit an cineál sin dramhaíola a laghdú. In 2023, b'ionann an t-ioncam ón acmhainn dhílis bunaithe ar phlaisteach agus €7.2 billiún, nó 4.0 % d'ioncam iomlán an Aontais.

II Ba é cuspóir ár n-iniúchta ná scrúdú a dhéanamh ar an gcreat atá curtha ar bun ag an gCoimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, chun an acmhainn dhílis sin a bhainistiú. Go háirithe, rinneamar measúnú féachaint an raibh an Coimisiún agus na Ballstáit ullmhaithe go leor chun an acmhainn dhílis nua a thabhairt isteach, agus an bhféadfaidís inchomparáideacht agus iontaofacht na sonraí a áirithiú chun an acmhainn dhílis nua a ríomh.

III Bhí sé mar aidhm ag an iniúchadh sin na réimsí chun feabhas a chur ar an bpróiseas ríofa a shainithint go luath. Meastar freisin go gcuirfidh conclúidí an iniúchta seo ceachtanna a foghlaimíodh ar fáil don Choimisiún atá ábhartha do bhainistiú acmhainní dílse nua atá le tabhairt isteach sna blianta amach romhainn.

IV Táimid tagtha ar an gconclúid nach raibh na Ballstáit ullmhaithe go leordhóthanach chun an acmhainn dhílis bunaithe ar dhramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach neamh-athchúrsáilte a chur chun feidhme agus, cé go raibh gníomhaíochtaí an Choimisiúin chun faireachán a dhéanamh ar an gcur chun feidhme agus chun tacú leis úsáideach chun cáilíocht sonraí a fheabhsú, nach raibh siad tráthúil. Táimid tagtha ar an gconclúid freisin nach raibh na sonraí a úsáideadh chun críocha acmhainní dílse inchomparáide ná iontaofa go leor agus iad á n-úsáid chun críocha acmhainní dílse. Déanann sé sin difear freisin do na sonraí a úsáidtear chun tuairisciú a dhéanamh ar bhaint amach na spriocanna athchúrsála a leagtar síos leis an Treoir maidir le Pacáistíocht agus Dramhaíl ó Phacáistíocht.

V Fuaireamar amach go raibh moill ar na Ballstáit príomhghnéithe dlíthiúla a thrasú. Thugamar ar aire freisin go raibh éagsúlacht sa sainmhíniú ar *phlaisteach* i ndoiciméid dlíthiúla éagsúla de chuid an Aontais. In éineacht le glacadh déanach na bpríomhcheanglas dlíthiúil, chuir sé sin cosc ar thabhairt isteach comhchuibhithe na hacmhainne dílse.

VI Thairis sin, níor chuir na Ballstáit príomhnósanna imeachta tiomsaithe sonraí i bhfeidhm, amhail úsáid a bhaint as an dá mhodh tiomsaithe don dramhaíl a ghintear agus na torthaí a chomhardú. Níor bhain siad úsáid as an bpointe tomhais a shonraítear sa reachtaíocht chun na méideanna a athchúrsáladh a ríomh, ná níor bhain siad úsáid as meánrátaí cailiteanais bunaithe ar rialacha comhchuibhithe.

VII Ina theannta sin, cé gur lean cigireachtaí an Choimisiúin próisis sheanbhunaithe, ní raibh siad leordhóthanach chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí is airde maidir le tiomsú sonraí. Shainaithníomar riosca, mar gheall ar an easpa seiceálacha ar phróisis athchúrsála, go bhféadfadh sé nach ndearnadh dramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach, a dearbhaíodh a bheith athchúrsáilte, a athchúrsáil i ngach cás. Ní raibh na Ballstáit in ann a áirithiú go raibh na coinníollacha maidir le hathchúrsáil dramhaíola ó phacáistíocht phlaisteach a onnmhairítear lasmuigh den Aontas coibhéiseach a bheag nó a mhór le próisis athchúrsála an Aontais.

VIII Molaimid don Choimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

- na ceachtanna a foghlaimíodh ó thabhairt isteach na hacmhainne dílse bunaithe ar phlaisteach a chur i bhfeidhm;
- inchomparáideacht agus iontaofacht sonraí a fheabhsú;
- maolú a dhéanamh ar an riosca a bhaineann le dramhaíl a bheith á cur chuig athchúrsálaithe ach nach ndéantar an dramhaíl sin a athchúrsáil ina dhiaidh sin.

Réamhrá

An acmhainn dhílis nua bunaithe ar dhramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach neamh-athchúrsáilte

01 Is iad acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh na príomhfhoinsí ioncaim do bhuiséad an Aontais. Go dtí 2021, bhí trí cinn d’acmhainní dílse ann: acmhainní dílse traidisiúnta (go príomha ó dhleachtanna custaim a thoibhítear ar allmhairí chuig an Aontas), an acmhainn dhílis bunaithe ar cháin bhreisluacha (CBL) agus an acmhainn dhílis bunaithe ar an ollioncam náisiúnta (OIN).

02 I mí Eanáir 2021, thug an tAontas isteach acmhainn dhílis nua bunaithe ar dhramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach neamh-athchúrsáilte arna ghiniúint ag na Ballstáit (an ‘acmhainn dhílis bunaithe ar phlaisteach’)¹. Ba é sin an chéad mhórathrú ar chóras acmhainní dílse an Aontais ó 1988 i leith, nuair a tugadh isteach an acmhainn dhílis bunaithe ar an olltáirgeacht náisiúnta (OTN) (a athraíodh níos déanaí go OIN). Is í an acmhainn dhílis bunaithe ar phlaisteach an chéad chéim sa treochlár freisin chun acmhainní dílse nua a thabhairt isteach chun a áirithiú go n-aisíofar ionstraim théarnaimh an Aontais. Tá an treochlár i gceangal leis an gcomhaontú idirinstiúideach idir an Chomhairle, an Pharlaimint agus an Coimisiún do Chreat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027².

03 Luaitear sa [Chinneadh maidir le hAcmhainní Dílse](#) go dtugann tabhairt isteach na hacmhainne dílse nua sin dreasacht chun tomhaltas plaisteach aon úsáide a laghdú, athchúrsáil a chothú agus borradh a chur faoin ngeilleagar ciorclach. Léirítear ann freisin gur cheart do na hacmhainní dílse nua tacú ar bhealach níos fearr le cuspóirí bheartais an Aontais agus ranníocaíochtaí na mBallstát atá bunaithe ar OIN a laghdú³.

04 In 2023, b’ionann an t-ioncam ón acmhainn dhílis bunaithe ar phlaisteach agus €7.2 billiún, nó 4.0 % d’ioncam iomlán an Aontais (féach [Fíor 1](#)). Cuirtear miondealú ar na rannchuidithe de réir Ballstáit i láthair in [Iarscríbhinn I](#).

¹ [Cinneadh 2020/2053 ón gComhairle](#) (‘Cinneadh maidir le hacmhainní dílse’).


² [Comhaontú idirinstiúideach](#) idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach.

³ Aithrisí 6 agus 7 den [Chinneadh maidir le hAcmhainní Dílse](#).

Fíor 1 – Foinsí ioncaim an Aontais in 2023

Iomlán 180.6

(billiún euro)




Tabhair ar aire: Ní áirítear san fhíor seo an t-ioncam buiséid a bhaineann le hionstraim théarnaimh NextGenerationEU, mar gheall ar a nádúr eisceachtúil agus sealadach.

Foinse: CIE, bunaithe ar chuntais chomhdhlúite an Aontais Eorpaigh.

05 Tugtar forléargas i *bhFíor 2* ar an gcreat dlíthiúil, atá comhdhéanta de reachtaíocht chomhshaoil agus reachtaíocht maidir leis an acmhainn dhílis bunaithe ar phlaisteach.

Fíor 2 – An creat dlíthiúil



Foinse: CIE.

06 Sainítear sa Treoir Réime Dramhaíola⁴ na coincheapa agus na sainmhínte bunúsacha a bhaineann le bainistiú dramhaíola, lena n-áirítear dramhaíl, athchúrsáil agus aisghabháil. Sa Treoir maidir le Pacáistíocht agus Dramhaíl ó Phacáistíocht⁵, leagtar amach sainmhínte, spriocanna athchúrsála, agus forálacha eile is infheidhme go sonrath maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht. Ceanglaítear leis an Treoir freisin ar na Ballstáit sonraí maidir le dramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach a thiomsú agus a thuairisciú. Ó 1997 i leith, úsáidtear na sonraí sin chun a sheiceáil ar baineadh amach na spriocanna athchúrsála a leagtar síos sa treoir. Leis an Rialachán maidir le Loingsiú Dramhaíola⁶, cinntear na rialacha maidir le dramhaíl a iompar laistigh den Aontas agus a onnmhairiú chuig tíortha nach Ballstáit den Aontas iad.

07 Leagtar amach sa Chinneadh maidir le hAcmhainní Dílse an modh ríofa le haghaidh na hacmhainne dílse bunaithe ar phlaisteach. Tá reachtaíocht eile ann⁷ ina sonraítear tuilleadh sonraí tábhachtacha maidir le cur chun feidhme na hacmhainne dílse sin. I dTuairim 3/2022 uainn maidir leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh na nósanna imeachta chun trí acmhainn dhílis nua a chur ar fáil, mholamar rialacha a chomhdhlúthú agus a ailíniú ar fud na n-acmhainní dílse uile⁸.

Ríomh agus bailiú na hacmhainne dílse bunaithe ar phlaisteach

08 Is éard atá san acmhainn dhílis bunaithe ar phlaisteach ná ranníocaíocht náisiúnta arna ríomh ag €0.8 in aghaidh an chileagram de dhramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach neamh-athchúrsáilte. Bhain na 17 mBallstát a raibh a OIN per capita in 2017 faoi bhun mheán an Aontais tairbhe as laghdú seasta cnapshuime chun tionchar ró-chúlchéimnitheach ar ranníocaíochtaí náisiúnta a sheachaint⁹. Ríomhadh an laghdú trí dhaonra 2017 an Bhallstáit a iolrú faoi 3.8 cileagram agus faoi €0.8. Léirítear i **bhFíor 3** an modh ríofa.

⁴ Treoir 2008/98/CE.

⁵ An Treoir maidir le Pacáistíocht agus Dramhaíl ó Phacáistíocht, 94/62/CE.

⁶ Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006.

⁷ Rialachán 2021/768 ón gComhairle (bearta rialaithe agus maoirseachta), Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/595 ón gCoimisiún (ceanglais tuairiscithe) agus Rialachán 2021/770 ón gComhairle (nós imeachta chun an acmhainn dhílis a chur ar fáil).

⁸ Míreanna 42 go 44.

⁹ Aithris 7 den Chinneadh maidir le hAcmhainní Dílse.

Fíor 3 – Ranníocaíochtaí na mBallstát a ríomh


$$\begin{array}{l}
 \text{In aon bhliain ar leith} \\
 \text{(meáchan in kg)} \\
 \hline
 \text{Dramhaíl ó phacáistíocht} \\
 \text{phlaisteach} \\
 \text{neamh-athchúrsáilte} \\
 \hline
 = \\
 \text{Dramhaíl ó phacáistíocht} \\
 \text{phlaisteach a gineadh} \\
 \hline
 - \\
 \text{Dramhaíl ó phacáistíocht} \\
 \text{phlaisteach} \\
 \text{athchúrsáilte} \\
 \hline
 \\
 \\
 \text{Ranníocaíocht le} \\
 \text{buiséad an} \\
 \text{Aontais (€)} \\
 \hline
 = \\
 \left[\begin{array}{l} \text{Dramhaíl ó phacáistíocht} \\ \text{phlaisteach} \\ \text{neamh-athchúrsáilte} \end{array} \right] \times \left[\begin{array}{l} \text{€0.8 / kg} \end{array} \right] - \left[\begin{array}{l} \text{Laghdú in €} \\ \text{(más infheidhme)} \end{array} \right]
 \end{array}$$

Foinse: CIE, bunaithe ar an gCinneadh maidir le hAcmhainní Dílse.

09 Tá na ríomhanna sin bunaithe ar na sonraí staidrimh maidir le hiomlán na dramhaíola ó phacáistíocht phlaisteach a ghintear agus a athchúrsáiltear gach bliain, mar a thuairiscigh na Ballstáit. Ós rud é go bhfuil na sonraí ábhartha ar fáil dhá bhliain tar éis na bliana lena mbaineann, ríomhann an Coimisiún na ranníocaíochtaí ar dtús bunaithe ar réamhaisnéisí a comhaontaíodh leis na Ballstáit. Is cleachtas caighdeánach é sin a chuirtear i bhfeidhm freisin maidir leis na hacmhainní dílse bunaithe ar CBL agus OIN.

10 A luaithe a bhíonn na sonraí staidrimh ar fáil, déanann an Coimisiún ríomhanna ranníocaíochtaí na mBallstát a choigeartú. Gach bliain, bailíonn an Coimisiún na méideanna atá dlite ó na Ballstáit a rinne gearríocaíocht i gcomhréir lena sciar de OIN an Aontais, lena ndáileadh i measc na mBallstát sin a rinne ró-íocaíocht. Léirítear i [bhFíor 4](#) na príomh-gharspriocanna le haghaidh ríomh agus bhailiú ranníocaíochtaí na mBallstát leis an acmhainn dhílis bunaithe ar phlaisteach.

Fíor 4 – Garspriocanna chun ranníocaíochtaí na mBallstát do bhliain ar leith N a ríomh agus a bhailiú



Foinse: ECA, bunaithe ar Rialachán 2021/770 ón gComhairle.


Ríomh na dramhaíola ó phacáistíocht phlaisteach a ghintear agus a athchúrsáiltear

11 I gcomhréir leis an rialachán cur chun feidhme lena mbunaítear foirm an ráitis bhliantúil¹⁰, ceanglaítear ar na Ballstáit dhá mhodh a úsáid chun meastachán a dhéanamh ar an dramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach a ghintear. Is é an chéad cheann an cur chuige bunaithe ar ‘chur ar an margadh’, atá bunaithe den chuid is mó ar shonraí ó tháirgeoirí pacáistíochta plaistí. Is é an dara ceann an cur chuige anailíse dramhaíola, atá bunaithe ar fhaisnéis maidir le méideanna agus cineálacha na n-ábhar i sruth dramhaíola ar leith. Bunaithe ar thorthaí an dá mhodha, ní mór do na Ballstáit meastachán aonair ar an dramhaíl a ghintear a chur ar fáil. Tugtar an dá mhodh a ‘chomhardú’ air sin.

¹⁰ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/595 ón gCoimisiún.

12 Sa Treoir maidir le Pacáistíocht agus Dramhaíl ó Phacáistíocht¹¹, tá an ceanglas nach mór meáchan na dramhaíola ó phacáistíocht athchúrsáilte a thomhas de réir mar a théann an dramhaíl isteach san oibríocht athchúrsála ('pointe ríofa'). De mhaolú ar an gceanglas sin, ceadaíonn an reachtaíocht tomhas a dhéanamh ag deireadh na hoibríochta sórtála, ar choinníoll go ndéantar an dramhaíl a athchúrsáil ina dhiaidh sin agus go n-asbhaintear meáchan na n-ábhar nó na substaintí a bhaintear trí oibríochtaí roimh an athchúrsáil. Féach **Fíor 5** le haghaidh mionsonraí.

Fíor 5 – Ríomh na dramhaíola ó phacáistíocht phlaisteach athchúrsáilte



Foinse: CIE, bunaithe ar Fhíor A 1: Pointe ríofa na bplasteach, lch. 67 den Treoir ón gCoimisiún maidir le tionsú agus tuairisciú sonraí ar phacáistíocht agus ar dhramhaíl ó phacáistíocht de réir Chinneadh 2005/270/CE, leagan mhí an Mhárta 2023.

¹¹ Airteagal 6a(2) de **Threoir (AE) 2018/852** lena leasaítear an Treoir maidir le Pacáistíocht agus Dramhaíl ó Phacáistíocht.


13 Má úsáideann na Ballstáit an maolú maidir le tomhas ag an bpointe ríofa, féadfaidh siad meánrátaí cailteanais a úsáid chun meastachán a dhéanamh ar mheáchan na n-ábhar nó na substaintí a bhaintear roimh athchúrsáil. Ní fhéadfar meánrátaí cailteanais a úsáid ach amháin i gcás nach féidir sonraí iontaofa a fháil ar shlí eile agus ní mór iad a ríomh bunaithe ar na rialacha atá le bunú ag an gCoimisiún i ngníomh tarmligthe. Leis an Treoir Réime Dramhaíola, ceanglaíodh ar an gCoimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh maidir le meánrátaí cailteanais faoin 31 Márta 2019¹².

14 Ní foláir do na Ballstáit a áirithiú go ndéantar dramhaíl a onnmhairítear ón Aontas le haghaidh athchúrsála a chomhaireamh faoi chomhair na spriocanna athchúrsála sa chás amháin go bhfuil an t-onnmhaireoir in ann a chruthú gur tharla cóireáil na dramhaíola lasmuigh den Aontas de réir coinníollacha atá a bheag nó a mhór coibhéiseach leis na coinníollacha sin atá leagtha síos faoi dhlí chomhshaoil an Aontais¹³. Ba cheart dramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach a allmhairítear chuig Ballstát lena hathchúrsáil a dhealú ó mhéid foriomlán athchúrsáilte an Bhallstáit sin. Léirítear i **bhFíor 6** na rátaí athchúrsála bunaithe ar na sonraí a thuairiscigh na Ballstáit in 2023 maidir leis an acmhainn dhílis don bhliain 2021.

¹² Airteagal 11a (10) de [Threoir \(AE\) 2018/851](#) lena leasaítear an Treoir Réime Dramhaíola.

¹³ Airteagal 11a (8) de [Threoir \(AE\) 2018/851](#) lena leasaítear an Treoir Réime Dramhaíola agus Airteagal 6a (8) de [Threoir \(AE\) 2018/852](#) lena leasaítear an Treoir maidir le Pacáistíocht agus Dramhaíl ó Phacáistíocht.


Fíor 6 – Rátaí tuairiscithe athchúrsála pacáistíochta plaistí le haghaidh 2021



Foinse: CIE, bunaithe ar ráitis bhliantúla na mBallstát do 2021.

15 Léirítear i *bhFíor 7* gur fhan an meánráta athchúrsála réasúnta cobhsaí le 10 mbliana anuas. Mar sin féin, san athbhreithniú ó Chúirt Iniúcháirí na hEorpa maidir le gníomhaíocht an Aontais chun dul i ngleic le saincheist na dramhaíola plaistí, thugamar ar aire gur féidir le roinnt gnéithe difear a dhéanamh d'inchomparáideacht sonraí le himeacht ama¹⁴.

Fíor 7 – Meánráta athchúrsála san Aontas le 10 mbliana anuas



Foinse: CIE, bunaithe ar shonraí a d'fhoilsigh Eurostat do 2011-2020 agus ar ráitis bhliantúla na mBallstát do 2021 a cuireadh ar fáil in 2023.

Róil agus freagrachtaí

16 Tá na Ballstáit freagrach as tiomsú agus tuairisciú na sonraí staidrimh ábhartha a úsáidtear chun an acmhainn dhílis bunaithe ar phlaisteach a ríomh¹⁵. Ní mór do na Ballstáit ionadaithe a ainmniú freisin chun cúnamh agus comhairle a thabhairt don Choimisiún maidir le hábhair a bhaineann leis an réimse staidrimh sin, mar chuid den sainghrúpa 'staidrimh maidir le dramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach' (SPPW). Maidir le reachtaíocht chomhshaoil, ní mór do na Ballstáit a n-oibleagáidí faoi dhlí an Aontais a chomhlíonadh, lena n-áirítear reachtaíocht ábhartha an Aontais a ionchorprú sa dlí náisiúnta (trasuí) agus í a chur i bhfeidhm¹⁶.

¹⁴ Míreanna 44 agus 45 *d'Athbhreithniú Uimh. 04/2020: Gníomhaíocht an Aontais chun dul i ngleic le saincheist na dramhaíola plaistí.*

¹⁵ *Rialachán (AE, Euratom) 2021/770 ón gComhairle.*

¹⁶ Airteagal 4(3) den *Chonradh ar an Aontas Eorpach*. Chun tuilleadh mionsonraí a fháil, féach freisin *Athbhreithniú CIE Uimh. 07/2018: 'Dlí an Aontais a chur i bhfeidhm – Freagrachtaí maoirseachta an Choimisiúin Eorpaigh faoi Airteagal 17(1) den Chonradh ar an Aontas Eorpach'.*

17 Ag an gCoimisiún, is iad Oifig Staidrimh an Aontais Eorpaigh (Eurostat), Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid (AS BUDG) agus Ard-Stiúrthóireacht an Chomhshaoil (AS ENV) na hardstiúrthóireachtaí atá freagrach as an acmhainn dhílis sin. Tá a róil agus a bhfreagrachtaí faoi seach leagtha amach i meabhrán tuisceana, lena n-áirítear na príomhshocruithe a áirítear i **bhFíor 8**.

Fíor 8 – Róil agus freagrachtaí an Choimisiúin



Eurostat

- seiceáil a dhéanamh ar shonraí na mBallstát maidir le dramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach;
- cigireachtaí a dhéanamh sna Ballstáit;
- AS BUDG a chur ar an eolas faoi fhorchoimeádais;
- obair an tsainghrúpa SPPW a stiúradh;
- bearta a mholadh chun cáilíocht na sonraí a áirithiú.



AS ENV

- reachtaíocht maidir le dramhaíl a mholadh;
- faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na reachtaíochta dramhaíola;
- Eurostat agus AS BUDG a chur ar an eolas faoi shaincheisteanna reachtacha, lena n-áirítear sárúithe a d'fhéadfadh a bheith ann.



AS BUDG

- ranníocaíochtaí ó na Ballstáit a ríomh agus a bhailiú;
- coigeartuithe ar ranníocaíochtaí a ríomh agus a bhailiú;
- forchoimeádais maidir le cáilíocht sonraí a leagan síos agus a tharraingt siar.

Foinse: CIE, bunaithe ar an meabhrán tuisceana idir Eurostat, AS BUDG agus AS ENV.

Scóip agus cur chuige na hiniúcháireachta

18 Ba é cuspóir ár n-iniúchta ná scrúdú a dhéanamh ar an gcreat a bhunaigh an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, chun an acmhainn dhílis sin a bhainistiú. Go sonrach, rinneamar measúnú féachaint:

- o an raibh an Coimisiún agus na Ballstáit ullmhaithe a ndóthain chun an acmhainn dhílis nua a thabhairt isteach;
- o an bhféadfadh an Coimisiún agus na Ballstáit inchomparáideacht agus iontaofacht na sonraí a áirithiú chun an acmhainn dhílis nua a ríomh.

19 Tríd an iniúchadh seo (a rinneadh ó Mheitheamh 2023 go Feabhra 2024), bhí sé mar aidhm againn freisin na réimsí chun feabhas a chur ar an bpróiseas ríofa a shainiú go luath. Meastar freisin go gcuirfidh conclúidí an iniúchta seo ceachtanna a foghlaimíodh ar fáil don Choimisiún a d'fhéadfadh a bheith ábhartha do bhainistiú aon acmhainní dílse eile a d'fhéadfaí a thabhairt isteach sna blianta amach romhainn.

20 Tharraingíomar ár gcritéir iniúcháireachta ón reachtaíocht ábhartha, ó na [treoirínte maidir le rialáil níos fearr](#) agus ó chleachtais reatha an Choimisiúin maidir leis na hacmhainní dílse OIN-bhunaithe agus CBL-bhunaithe, atá bunaithe ar shonraí staidrimh freisin.

21 I measc na bpríomhghnéithe dár gcur chuige bhí:

- o athbhreithniú deisce ar reachtaíocht ábhartha agus ar phríomhdhoiciméid ón gCoimisiún agus grúpa saineolaithe an 'staidrimh um dhramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach' (SPPW) (nósanna imeachta, treoirdhoiciméid, teimpléid, páipéir oibre, miontuairiscí cruinnithe leis na Ballstáit);
- o agallaimh le Eurostat, AS BUDG agus AS ENV;
- o anailís ar na sonraí a chuir na Ballstáit ar fáil do na réamhaisnéisí a úsáidtear chun ranníocaíochtaí 2021 a ríomh, na tuarascálacha cáilíochta a chuirtear ar fáil faoin Treoir maidir le Pacáistíocht agus Dramhaíl ó Phacáistíocht agus na ráitis bhliantúla a sheol na Ballstáit in 2023.

22 Rinneamar suirbhé ar na 27 n-údarás náisiúnta atá freagrach as tiomsú sonraí chun a dtuairimí a fháil maidir le bainistiú an Choimisiúin ar an acmhainn dhílis. Fuaireamar 26 freagra, ar bhaineamar úsáid astu mar fhoinse bhreise faisnéise. Rinneamar obair leantach ar an bhfaisnéis a bailíodh tríd an suirbhé trí chianagallaimh a eagrú leis na húdaráis lena mbaineann i sé Bhallstát.

23 Thugamar cuairt ar thrí Bhallstát: an Rómáin, an Iodáil agus an Ísiltír. Roghnaíodh iad sin bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil in Eurostat agus d'fhonn faisnéis a bhailiú i mBallstáit ina bhfuil leibhéil éagsúla plaistigh a ghintear *per capita*, rátaí éagsúla athchúrsála agus méideanna éagsúla a onnmhairítear le hathchúrsáil. Ina theannta sin, bhíomar i láthair mar bhreathnóirí le linn chuairt fíorúcháin Eurostat ar an bPolainn, chun faisnéis a bhailiú maidir leis an gcaoi a gcuireann Eurostat a chreat fíorúcháin chun feidhme trí chigireachtaí.

24 Níor cumhdaíodh san iniúchadh seo an raibh laghdú ar an dramhaíl phlaisteach a gineadh nó méadú ar an méid a athchúrsáladh mar thoradh ar thabhairt isteach na hacmhainne dílse atá bunaithe ar phlaisteach. Ní dhearnamar anailís dhlíthiúil ach oiread féachaint ar cheart go spreagfadh saincheisteanna a bhaineann le trasú dhlí an Aontais sa reachtaíocht náisiúnta nósanna imeachta um shárú.

Barúlacha

Níor tharla tabhairt isteach na hacmhainne dílse nua ar bhealach rianúil, rud a d'fhág go raibh meastacháin mhíchruinne ann

Ní raibh na Ballstáit ullmhaithe go leordhóthanach, agus bhí tacaíocht ón gCoimisiún ábhartha ach ní raibh sí tráthúil

25 Chun a áirithiú go dtarlódh tabhairt isteach na hacmhainne dílse bunaithe ar phlaisteach go rianúil agus go mbeadh inchomparáideacht agus iontaofacht na sonraí ríofa ar bhealach leormhaith, ba cheart na sainmhínithe agus na modheolaíochtaí ríofa a tugadh isteach leis an Treoir maidir le Pacáistíocht agus Dramhaíl ó Phacáistíocht a bheith trasuite go tráthúil ag na Ballstáit. Moltar sna [treoirlínte maidir le rialáil níos fearr](#) go ndéanfadh an Coimisiún scrúdú cúramach ar bhearta cur chun feidhme náisiúnta chun comhlíonadh iomlán a áirithiú agus chun gníomhaíocht feabhais a thionscnamh i gcás inarb iomchuí.

26 Ós rud é go bhféadfadh tionchar a bheith ag neamhchomhlíonadh ar ríomh ranníocaíochtaí na mBallstát, tá sé tábhachtach go ndéanfadh an Coimisiún anailís thráthúil ar aon saincheisteanna a bhraitheann sé maidir le trasuí nó reachtaíocht náisiúnta. Ba cheart dó a anailís a úsáid ansin chun Ballstáit ardriosca agus réimsí tiomsaithe sonraí le haghaidh fóruithe a shainaitint.

Bhí moill ar an gcuid is mó de na Ballstáit i dtrasuí na Treorach maidir le Pacáistíocht agus Dramhaíl ó Phacáistíocht, agus tógfaidh sé blianta obair leantach an Choimisiúin ar shaincheistanna a bhaineann leis an trasuí a dhéanamh

27 Tugtar ar aire sa leasú ar an Treoir maidir le Pacáistíocht agus Dramhaíl ó Phacáistíocht gur gá feabhas a chur ar inchomparáideacht agus iontaofacht sonraí¹⁷. Leis an leasú, tugadh isteach sraith de shainmhínithe agus rialacha ríomha nua a bhí le trasuí i reachtaíocht na mBallstát faoin 5 Iúil 2020. Dá bhrí sin, nuair a mhol an Coimisiún an acmhainn dhílis bunaithe ar phlaisteach i mBealtaine 2018¹⁸, aithníodh go raibh gá le cáilíocht sonraí a fheabhsú. Chuireamar béim ar an riachtanas sin freisin inár dTuairim i dtaca leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh an Chinnidh maidir le hAcmhainní Dílse¹⁹.

28 Shainaithníomar forálacha na Treorach maidir le Pacáistíocht agus Dramhaíl ó Phacáistíocht atá ábhartha chun an acmhainn dhílis bunaithe ar phlaisteach²⁰ a ríomh, agus rinneamar anailís féachaint ar fhíoraigh an Coimisiún go ndearna na Ballstáit na forálacha sin a thrasuí i gceart ina reachtaíocht féin.

29 Thugamar ar aire gur chuir cúig Bhallstát in iúl don Choimisiún go raibh an treoir trasuite acu laistigh den spriocdháta. Níor chuir dhá Bhallstát is fiche in iúl don Choimisiún go ndearna siad an treoir a thrasuí, nó chuir siad in iúl don Choimisiún nach ndearna siad an treoir a thrasuí. Chuir an Coimisiún tús le nósanna imeachta um shárú don 22 Bhallstát sin. Tar éis do na Ballstáit fógra a thabhairt maidir le trasuí, dúnadh 12 de na nósanna imeachta sin in 2021, dúnadh seacht gcinn eile in 2022 agus dhá cheann in 2023. Bhí an nós imeachta a bhí fágtha fós ar oscailt tráth na hiniúcháireachta, ós rud é nár chuir an Ballstát lena mbaineann (an Chróit) in iúl don Choimisiún go raibh an treoir trasuite aige.

¹⁷ Aithris 22 de [Threoir \(AE\) 2018/852 lena leasaítear an Treoir Réime Dramhaíola](#).

¹⁸ Togra ón gCoimisiún le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh, [COM\(2018\) 325 final](#).

¹⁹ Mír 40 agus Bosca 2 de [Thuairim Uimh. 5/2018](#) uainn.

²⁰ Airteagal 3(1)(a) agus 2, agus Airteagal 6(a)(1-5), (7) agus (8) den Treoir maidir le Pacáistíocht agus Dramhaíl ó Phacáistíocht, [94/62/CE](#).


30 Tar éis do gach Ballstát fógra a thabhairt don Choimisiún go raibh an trasuí curtha i gcrích, thug an Coimisiún treoir do chonraitheoir seachtrach seiceálacha comhréireachta a dhéanamh. I mí Mheán Fómhair 2022, chuir an conraitheoir seachtrach staidéir chomhréireachta ar fáil don Choimisiún inar léiríodh torthaí na seiceálacha do 23 Bhallstát. I bhFeabhra agus Márta 2023, chuir an conraitheoir dhá staidéar comhréireachta eile ar fáil don Choimisiún. Níor thug an Spáinn fógra don Choimisiún go raibh an trasuí curtha i gcrích in 2023, agus mar sin bhí an staidéar comhréireachta comhfhreagrach le tabhairt chun críche in 2024.

31 Rinneamar anailís ar thorthaí na 25 staidéar comhréireachta a rinne an conraitheoir seachtrach. Sheiceálar an ndearnadh na príomhfhorálacha agus na príomh-shainmhínte uile a bhaineann le tiomsú sonraí chun an acmhainn dhílis bunaithe ar phlaisteach a ríomh a thrasuí i gceart. Fuaireamar amach, i gcás 17 gcinn de na Ballstáit sin, nach ndearnadh príomhfhoráil amháin ar a laghad a bhí ábhartha do ríomh na hacmhainne dílse a thrasuí go hiomchuí (féach [Fíor 9](#)).

Fíor 9 – Torthaí na seiceálacha comhréireachta eisfhoinsithe ar fhorálacha atá ábhartha chun an acmhainn dhílis bunaithe ar phlaisteach a ríomh, de réir líon na mBallstát

Ceart go leor

Níl sé ceart go leor



Nóta: Tráth an iniúchta, ní raibh torthaí an staidéir comhréireachta faighte ag an gCoimisiún i gcás dhá Bhallstát.

Foinse: CIE, bunaithe ar thuarascálacha na seiceála comhréireachta ón gconraitheoir seachtrach.

32 Ghníomhaigh an Coimisiún go hiomchuí nuair nár thug na Ballstáit fógra dó go raibh an trasú curtha i gcrích. Mar sin féin, ní dhearna sé anailís láithreach ar thionchar na saincheistanna a bhaineann le trasú a shainaithin an conraitheoir seachtrach ar ríomh na hacmhainne dílse bunaithe ar phlaisteach. Dá bhrí sin, níor cuireadh torthaí na seiceálacha comhréireachta san áireamh sa chleachtadh tosaíochta a rinne an Coimisiún maidir leis na seiceálacha ar thiomsú sonraí na mBallstát.

33 Úsáideann an Coimisiún torthaí na seiceálacha comhréireachta le linn a chigireachtaí sna Ballstáit. Mar sin féin, ós rud é go meastar go mairfidh na cigireachtaí sin ó 2023 go 2026, ní dhéantar an obair leantach ar shaincheisteanna tromchúiseacha a d'fhéadfadh a bheith ann a sainathníodh sna seiceálacha comhréireachta go tráthúil. Mar thoradh ar shaincheisteanna a dhéanann difear do ríomh na hacmhainne dílse a sainathníodh le linn na gcigireachtaí, tagann forchoimeádas chun cinn a bhaineann an Coimisiún a luaithe a réitítear na saincheisteanna a bhraitear. Is léir ón taithí a fuarthas ó acmhainní dílse eile go bhféadfadh roinnt blianta a bheith i gceist sula gcuirfí deireadh leis na forchoimeádais. Dá bhrí sin, féadfaidh na Ballstáit leanúint de shainmhínte éagsúla agus modheolaíochtaí tiomsaithe míchuí a úsáid ar feadh i bhfad. D'fhéadfadh na difríochtaí sin difear a dhéanamh do ríomh ranníocaíochtaí na mBallstát.

Ghlac an Coimisiún roinnt céimeanna chun tacú leis na Ballstáit, ach den chuid is mó tar éis an acmhainn dhílis nua a bheith tugtha isteach

34 Chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le cur chun feidhme na hacmhainne dílse nua, ba cheart don Choimisiún straitéis cur chun feidhme a bhunú²¹. Ba cheart comhar leis na Ballstáit chun dlí an Aontais a chur chun feidhme a bheith ina phríomhghné de straitéis cur chun feidhme an Choimisiúin. Ba cheart é a bheith mar aidhm ag an gCoimisiún freisin tacaíocht a chur ar fáil do na Ballstáit. Chun go n-éireoidh leis sin, ba cheart faisnéis thráthúil ábhartha a bheith ag an gCoimisiún maidir le cur i bhfeidhm reachtaíocht an Aontais ag na Ballstáit agus ba cheart dó a bheith réidh le gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh más gá.

²¹ Treoirlínte maidir le Rialáil Níos Fearr, Caibidil V, Uimh. 2.

35 Bhain an Coimisiún úsáid as roinnt modhanna chun measúnú a dhéanamh ar chumas na mBallstát an reachtaíocht a bhaineann leis an acmhainn dhílis bunaithe ar phlaisteach a chur chun feidhme. Mar a luamar i mír **30**, rinne an Coimisiún faireachán ar thrasuí na reachtaíochta ábhartha i gcórais dlí na mBallstát féin. Thug sé cuairteanna neamhfhoirmiúla freisin ar 17 mBallstát chun cur chun feidhme na hacmhainne dílse bunaithe ar phlaisteach a chur i láthair go hachomair, agus chun faisnéis a mhalartú maidir leis an gcaoi a dtiomsaíonn na Ballstáit an méid. Mar sin féin, rinneadh na gníomhaíochtaí sin den chuid is mó tar éis thabhairt isteach na hacmhainne dílse in Eanáir 2021, agus faoin am sin bhí sé i gceist go mbeadh na bearta agus na córais chun an acmhainn dhílis nua a bhainistiú curtha chun feidhme ag na Ballstáit cheana féin. Chuir an Coimisiún in iúl dúinn gur chuir na srianta a bhí ann mar gheall ar phaindéim COVID-19 teorainn lena chuid gníomhaíochtaí chun tacú le hullmhú na mBallstát do chur chun feidhme na hacmhainne dílse nua sin agus chun faireachán a dhéanamh ar an ullmhúchán sin.

36 Modh tábhachtach eile chun aiseolas a fháil ó na Ballstáit is ea trí shainghrúpa SPPW (féach mír **16**). Ag cruinnithe an tsainghrúpa, bíonn an deis ag na Ballstáit aon saincheisteanna atá rompu nó réimsí ar gá iad a shoiléiriú tuilleadh a thabhairt chun solais.

37 Cruthaíodh grúpa saineolaithe SPPW go foirmiúil tar éis ghlacadh Rialachán 2021/770 ón gComhairle. Cuireadh tús lena chruinnithe i Samhain 2021. Chuir na trí Bhallstát ar thugamar cuairt orthu in iúl dúinn go raibh cruinnithe na ngrúpaí saineolaithe úsáideach chun cáilíocht agus comhchuibhiú tiomsaithe sonraí a fheabhsú. Mar sin féin, ní raibh mórán ama ann chun ullmhú go leordhóthanach do thabhairt isteach na hacmhainne dílse bunaithe ar phlaisteach in Eanáir 2021.

38 Úsáidtear na ráitis bhliantúla chun na méideanna a d'íoc na Ballstáit roimhe sin a choigeartú bunaithe ar na réamhaisnéisí (féach mír **10**). Tá na figiúirí mar bhonn le tuairim shainghrúpa SPPW lena ndeimhnítear oiriúnacht na sonraí atá le húsáid chun críocha acmhainní dílse. Tá na sonraí staidrimh atá san áireamh sna ráitis bhliantúla sin mar chuid d'fhóruithe an Choimisiúin ar phróisis tiomsaithe na mBallstát freisin.

39 Fuaireamar nár chuir an Ghréig a ráiteas bliantúil do 2021 isteach in am. Bhí an ráiteas, ina raibh na sonraí staidrimh maidir le meáchan na dramhaíola ó phacáistíocht phlaisteach a gineadh agus an méid a athchúrsáladh, le bheith istigh faoin 31 Iúil 2023²² (féach **Fíor 4**). Níor sheol an Ghréig leagan tosaigh den ráiteas bliantúil chuig an gCoimisiún go dtí an 24 Samhain 2023.

40 Bhí an Coimisiún ar an eolas faoi dheacrachtaí údaráis na Gréige sonraí a thiomsú maidir le dramhaíl phlaisteach toisc gur theip ar an nGréig cheana féin na sonraí a cheanglaítear leis an Treoir maidir le Pacáistíocht agus Dramhaíl ó Phacáistíocht a sheachadadh don bhliain 2020 i Meitheamh 2022. Cé gur sheol an Coimisiún roinnt rabhadh chuig údaráis na Gréige (lena n-áirítear chuig an mbuanionadaíocht) maidir le tábhacht na sonraí acmhainní dílse, chaill an Ghréig an spriocdháta chun a ráiteas bliantúil a sheoladh. Léiríonn sé sin nach raibh an Ballstát ullamh chun sonraí a thiomsú maidir le dramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach neamh-athchúrsáilte.

41 Mar gheall ar an moill sin, níor áiríodh na sonraí ón nGréig sa tuairim a d'éisigh sainghrúpa SPPW i nDeireadh Fómhair 2023 maidir le cáilíocht na sonraí ar dhramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach neamh-athchúrsáilte le húsáid chun críoch acmhainní dílse. Dá bhrí sin, níor úsáideadh na sonraí don phróiseas coigeartúcháin agus ní léireofar an tionchar a bheidh ann dá bharr ach sna blianta ina dhiaidh sin (féach mír **10**).

Chuir sainmhíniú neamhréireach ar *phlaisteach* agus éiginnteacht dhlíthiúil bac ar thabhairt isteach comhchuibhithe na hacmhainne dílse

42 Chun cur i bhfeidhm comhchuibhithe reachtaíocht an Aontais a bhaint amach, tá sé ríthábhachtach go mbeadh forálacha an Aontais soiléir, comhsheasmhach²³ agus gan débhrí. Tá sé ríthábhachtach freisin go bhformheasfar an phríomhreachtaíocht go tráthúil, rud a chuirfidh ar chumas na mBallstát a reachtaíocht agus a gcórais a oiriúnú chun na ceanglais a chomhlíonadh.

²² Airteagal 5(5) de [Rialachán 2021/770](#).


²³ Uirlis #28, Roinn 3.2 den [Bhosca uirlisí um Rialáil Níos Fearr](#) – Eagrán Iúil 2023.

Tá an sainmhíniú ar *phlaisteach* éagsúil idir na gníomhartha dlí éagsúla

43 Sheiceálamar na príomh-shainmhínte a úsáideadh chun na sonraí a thiomsú le haghaidh acmhainní dílse amháil dramhaíl ó phacáistíocht agus athchúrsáil, agus fuair amach go raibh siad soiléir agus comhsheasmhach go ginearálta ar fud na bpíosaí éagsúla reachtaíochta earnála. Thugamar faoi deara, áfach, go raibh éagsúlacht sa sainmhíniú ar *phlaisteach* (féach **Fíor 10**).

Fíor 10 – Tá an sainmhíniú ar *phlaisteach* éagsúil idir na gníomhartha dlí éagsúla

Sainmhíniú ar Phlaisteach



Foinse: CIE, bunaithe ar an reachtaíocht atá luaite.

44 Bhí gach sainmhíniú ar *phlaisteach* bunaithe ar [Rialachán \(CE\) Uimh. 1907/2006](#) maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán, ach cuireadh mionsonraí áirithe leis i reachtaíocht eile. Ceanglaítear leis an gcinneadh cur chun feidhme go n-úsáidfean an sainmhíniú ón Treoir maidir le Pacáistíocht agus Dramhaíl ó Phacáistíocht, rud nach dtagraítear dó sa chinneadh maidir le hacmhainní dílse. Sonraítear sa sainmhíniú ón Treoir maidir le Pacáistíocht agus Dramhaíl ó Phacáistíocht gur cheart polaiméirí a bheith in ann feidhmiú mar phríomh-chomhchuid struchtúrach de mhálaí siopadóireachta, rud a laghdódh raon feidhme an tsainmhíne. Tá raon feidhme níos cúinge fós ag an Treoir maidir le Plaistigh Aon Úsáide²⁴ toisc go n-eisiatar léi polaiméirí nádúrtha nár modhnaíodh go ceimiceach.

45 Mar thoradh ar raon feidhme éagsúil na sainmhíne, tá mearbhall ann sna Ballstáit. Léiríonn na seiceálacha comhréireachta ar thrasuí na dtreoracha gur thrasuigh trí Bhallstát an sainmhíniú ón Treoir maidir le Plaistigh Aon Úsáide in ionad an tsainmhíne is gá ón Treoir maidir le Pacáistíocht agus Dramhaíl ó Phacáistíocht.

Tugadh príomhghnéithe dlíthiúla an bhainistithe dramhaíola plaistí cothrom le dáta ródhéanach nó níor glacadh iad

46 Sheiceálar ar tugadh isteach an phríomhreachtaíocht luath go leor le go bhféadfadh na Ballstáit a nósanna imeachta tiomsaithe a sheoladh i gceart. Fuaireamar gur glacadh ceanglais dhlíthiúla maidir leis an bpointe ríofa agus leis an gcomhardú ródhéanach do na Ballstáit chun iad a chur san áireamh agus a réamhaisnéisí maidir le dramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach neamh-athchúrsáilte do 2021 á dtarraingt suas acu agus sonraí á dtiomsú acu do na ráitis bhliantúla a cuireadh i láthair in 2023. Ina theannta sin, thugamar faoi deara, tráth an iniúchta, nach raibh an reachtaíocht is gá maidir le meánrátaí cailteanais glactha go fóill.

²⁴ [Treoir \(AE\) 2019/904](#) maidir le laghdú a dhéanamh ar an tionchar atá ag táirgí plaisteacha áirithe ar an gcomhshaol (an Treoir maidir le Plaistigh Aonúsáide).

47 Is príomhthoisic é an **pointe ríofa** do dhramhaíl athchúrsáilte chun a áirithiú go mbeidh na sonraí arna dtiomsú ag na Ballstáit inchomparáideach (féach mír [12](#)). An ceanglas go gcaithfí pointe ríofa nua a úsáid, tugadh isteach den chéad uair é leis an Treoir maidir le Pacáistíocht agus Dramhaíl ó Phacáistíocht a foilsíodh i mBealtaine 2018, ach leagadh amach na mionsonraí maidir lena chur i bhfeidhm ag na Ballstáit i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/665²⁵ (féach [Fíor 5](#)). Socraíodh an pointe ríofa sin chun a áirithiú nach gcuirfear san áireamh ach dramhaíl a théann isteach san oibríocht athchúrsála²⁶. Sular glacadh an ceanglas nua sin, b'éigean meáchan na dramhaíola a thomhas ar imeacht ón tsaoráid sórtála di.

48 Mar sin féin, foilsíodh an cinneadh cur chun feidhme sin in Aibreán 2019, rud a d'fhág nach raibh mórán ama ag na Ballstáit an t-athrú sin a thabhairt isteach sula n-ullmhóidís réamhaisnéisí 2021. Tríd an rogha a thabhairt gur féidir úsáid a bhaint as an modheolaíocht a bhí ann roimhe seo nuair a bhí réamhaisnéisí 2021 agus 2022 á soláthar, admhaíonn reachtaíocht an Aontais²⁷ go mbeadh sé deacair ag na Ballstáit na hathruithe riachtanacha a thabhairt isteach go pras. Dheimhnigh na Ballstáit ar thugamar cuairt orthu agus na Ballstáit a ndeachamar i dteagmháil go cianda leo an deacracht sin. Mhínigh siad dúinn go raibh neamhchoigeartú an phointe ríofa do na méideanna a athchúrsáladh ar cheann de na cúiseanna leis na difríochtaí suntasacha idir na réamhaisnéisí agus na méideanna deiridh a measadh.

49 Gné thábhachtach eile chun a áirithiú go bhfuil na sonraí a tháirgeann na Ballstáit inchomparáideach agus iontaofa is ea an dá mhodh a úsáidtear chun meastachán a dhéanamh ar an dramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach a ghintear a **chomhardú** (féach mír [11](#)).

50 Tagraíodh don tsaincheist sin i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/665 ón gCoimisiún a foilsíodh i mí Aibreáin 2019 (Airteagal nua 6(f)). Mar sin féin, bhí sé chomh déanach le Márta 2023 sular tugadh isteach an ceanglas dlíthiúil maidir le comhardú a bhaint amach idir na torthaí ó dhá mhodh chun meastachán a dhéanamh ar dhramhaíl a gineadh. Dá bhrí sin, bhí sé ródhéanach é sin a chur san áireamh agus sonraí 2021 á gcur isteach in Iúil 2023.

²⁵ Airteagal 2(1)(d) de [Chinneadh 2005/270/CE ón gCoimisiún](#) lena mbunaítear na formáidí a bhaineann leis an gcóras bunachair sonraí don Treoir maidir le Pacáistíocht agus Dramhaíl ó Phacáistíocht.

²⁶ Aithris Uimh. 3 de [Chinneadh Cur Chun Feidhme \(AE\) 2019/665 ón gCoimisiún](#).

²⁷ Airteagal 15 de [Rialachán \(AE\) 2021/770](#).

51 Leis an leasú ar an Treoir maidir le Pacáistíocht agus Dramhaíl ó Phacáistíocht a foilsíodh i mBealtaine 2018, ceanglaíodh ar an gCoimisiún na gníomhartha tarmligthe is gá a ghlacadh chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach ríomhanna na dramhaíola ó phacáistíocht phlaisteach a áirithiú, agus ba é an 31 Márta 2019 an spriocdháta don ghlacadh. Gníomh amháin den sórt sin ba ea an gníomh tarmligthe a cheanglaítear leis an Treoir Réime Dramhaíola lena socraítear **meánrátaí cailiteanais**. Tá siad sin ríthábhachtach chun a áirithiú go ndéanfaidh na Ballstáit a úsáideann an maolú maidir leis an bpointe ríofa (féach míreanna **12** agus **13**) a gcuid sonraí staidrimh a thiomsú go comhsheasmhach.

52 Thugamar ar aire gur thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh gníomh tarmligthe maidir le meánrátaí cailiteanais i Lúnasa 2021. Níor glacadh é sin, áfach, toisc go ndearna an Chomhairle agóid i Nollaig 2021 (i gcomhréir le hAirteagal 38(a)(6) de Threoir 2008/98/CE). Baineann an agóid le hábhar imní gur sháraigh raon feidhme an ghnímh tharmligthe sainordú an Choimisiúin, go háirithe maidir le foilsiú faisnéise faoi mheánrátaí cailiteanais do gach saoráid cóireála dramhaíola. Níor thíolaic an Coimisiún togra ag tabhairt aghaidh ar na cúiseanna a bhí le haghóid na Comhairle. Mar thoradh air sin, tá rátaí cailiteanais bunaithe ar mhodheolaíochtaí nach bhfuil comhchuibhithe a bheith á n-úsáid ag na Ballstáit a chuireann an maolú maidir leis an bpointe ríofa i bhfeidhm.

53 Ós rud é go raibh moill i nglacadh an cheanglais maidir le comhardú an dá mhodha tiomsaithe agus le dréachtú sainmhíniú don phointe ríofa, mar aon leis an easpa rialacha comhchuibhithe maidir le meánrátaí cailiteanais, rinneadh dochar d'inchomparáideacht agus d'iontaofacht shonraí na mBallstát. Ciallaíonn sé sin go bhféadfadh sé nach ndéanfaí na ranníocaíochtaí náisiúnta leis an acmhainn dhílis bunaithe ar phlaisteach a ríomh ar an mbonn céanna.

Sa chéad bhliain den chur chun feidhme, rinneadh gannmheastachán de €1.1 billiún ar an acmhainn dhílis bunaithe ar phlaisteach a bhí tuartha agus b'éigean ranníocaíochtaí bunaithe ar OIN cúiteamh a dhéanamh chun buiséad an Aontais a chomhardú

54 Tá réamhaisnéisí dea-cháilíochta ríthábhachtach chun an méid ceart de gach acmhainn dhílis a bhailiú. Laghdaíonn siad freisin tionchar na gcoigeartuithe ar ranníocaíochtaí na mBallstát sna blianta ina dhiaidh sin (féach míreanna **09** agus **10**). Ba cheart don Choimisiún tacaíocht agus treoir leordhóthanach a chur ar fáil chun go mbeidh na Ballstáit in ann réamhaisnéisí iontaofa a chur ar fáil²⁸.


²⁸ Treoirlínte maidir le Rialáil Níos Fearr, Caibidil V, Uimh. 3.

55 Rinneamar anailís ar an uirlis réamhaisnéise a chruthaigh an Coimisiún chun tacú leis na Ballstáit réamhaisnéisí a ullmhú. Scrúdaíomar freisin torthaí an phróisis réamhaisnéise a rinne na Ballstáit agus an Coimisiún in 2021, an chéad bhliain den chur chun feidhme.

56 Úsáideann an uirlis réamhaisnéise a d'fhorbair an Coimisiún rátaí fáis chun méid na dramhaíola ó phacáistíocht phlaisteach a ghintear agus dul chun cinn líneach chuig na spriocanna athchúrsála a thuar chun an méid a athchúrsáiltear a thuar. Mheas formhór na mBallstát (24 as na 26 a thug freagra ar ár suirbhé) go raibh tacaíocht leordhóthanach curtha ar fáil ag an gCoimisiún sa phróiseas réamhaisnéise.

57 Rinneamar anailís ar na sonraí a tuairiscíodh sna ráitis bhliantúla a chuir na Ballstáit ar fáil in 2023 (sonraí do 2021), agus chuireamar i gcomparáid iad leis an réamhaisnéis sonraí do 2021 agus a úsáideadh chun ranníocaíochtaí na mBallstát don bhliain sin a chinneadh (féach [Fíor 11](#)).

Fíor 11 – Difríocht idir méideanna réamhaisnéise agus méideanna deiridh a cuireadh i láthair sna ráitis bhliantúla



Foinse: CIE, bunaithe ar réamhaisnéisí agus ar ráitis bhliantúla.

58 Rinne formhór na mBallstát (22) méid níos ísle ná an méid a ríomhadh a thuar trí úsáid a bhaint as na sonraí deiridh. I gcás naoi mBallstát, bhí an neamhréireacht leis na figiúirí sna ráitis bhliantúla 25 % nó níos mó, agus in dhá chás bhí sí os cionn 50 %.

59 Le linn na gcuairteanna faisnéise agus na teagmhála leis na Ballstáit, d'fhiafraíomar cén fáth a raibh na difríochtaí chomh mór sin. Luaigh na Ballstáit meascán de chúiseanna, lena n-áirítear:

- o an t-athrú déanach sa reachtaíocht (go háirithe maidir leis an bpointe ríofa), nach bhféadfaí a chur san áireamh sna réamhaisnéisí (féach mír **48**);
- o droch-cháilíocht na sonraí a tiomsaíodh sna blianta agus a úsáideadh mar bhonn do na réamhaisnéisí; agus
- o an deacracht a bhaineann le tionchar phaindéim COVID-19 ar phatrúin tomhaltais a mheas.

60 Bhí méid iomlán na réamhaisnéise maidir le dramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach neamh-athchúrsáilte le haghaidh 2021 1.4 billiún cileagram níos lú ná na méideanna a ríomhadh agus a tuairiscíodh don bhliain sin in 2023. Mar thoradh air sin, bhí an méid a bailíodh don acmhainn dhílis bunaithe ar phlaisteach in 2021 €1.1 billiún níos lú ná an méid a bhí bunaithe ar na meastacháin a bhí tuairiscithe sna ráitis bhliantúla. Is ionann sin agus 19 % den €5.9 billiún a bailíodh don acmhainn dhílis bunaithe ar phlaisteach in 2021. Ní dhearnadh difear do mhéid iomlán bhuiséad an Aontais, toisc gur cúitíodh an difríocht leis an acmhainn dhílis bunaithe ar OIN (féach mír **10**).

Níor tugadh aghaidh go fóill ar fhadhbanna a bhaineann le hinchomparáideacht agus le hiontaofacht sonraí

Baineann na Ballstáit úsáid as modhanna tiomsaithe éagsúla agus ní dhéanann siad na torthaí a fhaightear a chomhardú


61 Ceanglaítear ar na Ballstáit dhá phríomh-mhodh tiomsaithe éagsúla a úsáid chun meastachán a dhéanamh ar mhéid na dramhaíola ó phacáistíocht phlaisteach a ghintear in aon bhliain ar leith (féach míreanna **11** agus **49-53**). Is iad sin na modhanna bunaithe ar 'chur ar an margadh' agus bunaithe ar anailís dramhaíola. Ceanglaítear ar na Ballstáit freisin comhardú a bhaint amach idir na torthaí a fhaightear ón dá mhodh chun inchomparáideacht agus iontaofacht sonraí a fheabhsú.

62 D'fhéadfadh sé nach mbeadh an toradh céanna ar an dá chur chuige a úsáidtear chun meastachán a dhéanamh ar dhramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach a ghintear. D'fhéadfadh cur chuige bunaithe ar 'chur ar an margadh' gannmheastachán a dhéanamh ar an méid dramhaíola ó phacáistíocht a ghintear, agus is gnách go ndéanann an cur chuige bunaithe ar anailís dramhaíola rómheastachán ar an méid. Dá bhrí sin, táthar ag súil go mbeidh an fíormhéid áit éigin idir an dá thoradh²⁹.

63 Rinneamar anailís ar na ráitis bhliantúla agus sheiceálar an raibh an dá mhodh á gcomhardú ag na Ballstáit de réir mar ba ghá. I **bhFíor 12** tugtar forléargas ar na modhanna atá in úsáid ag na Ballstáit.

²⁹ Leathanach 131 den Treoir maidir le Pacáistíocht agus Dramhaíl ó Phacáistíocht 2023.

Fíor 12 – Modhanna a úsáideann na Ballstáit chun meastachán a dhéanamh ar an dramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach a ghintear



Foinse: CIE, bunaithe ar shonraí a chuir na Ballstáit isteach sna ráitis bhliantúla.

64 Mar a léirítear i **bhFíor 12**, bhain 19 mBallstát úsáid as an modh bunaithe ar ‘chur ar an margadh’ mar phríomh-mhodh tiomsaithe agus bhain ocht gcinn acu úsáid as an modh anailíse dramhaíola. Níor thíolaic ach 14 mBallstát figiúirí bunaithe ar an dá mhodh. I sé cinn de na cásanna sin, bhí difríocht níos mó ná 10 % idir an dá mhodh. Ní dhearna aon cheann de na Ballstáit an dá mhodh a chomhardú mar a cheanglaítear leis an reachtaíocht. Ina ionad sin, thíolaic na Ballstáit uile na sonraí atá le húsáid chun a rannchuidiú a ríomh bunaithe ar an bpríomh-mhodh amháin. Ós rud é gur bhain formhór na mBallstát (19 as 27) úsáid as an modh bunaithe ar ‘chur ar an margadh’, a dhéanann gannmheastachán de ghnáth ar mhéid na dramhaíola ó phacáistíocht, is dócha go ndearnadh gannmheastachán freisin ar na figiúirí a úsáideadh don acmhainn dhílis.

65 Dúirt na naoi mBallstát uile a raibh plé againn leo (trí cinn ar tugadh cuairt orthu agus sé cinn acu a cuireadh faoi agallamh go cianda bunaithe ar a bhfreagraí ar ár suirbhé) go raibh níos mó ama ag teastáil uathu chun an dara modh a úsáid agus chun an dá mhodh a chomhardú. Luaigh cúig cinn de na Ballstáit sin gur theastaigh níos mó tacaíochta agus treorach ón gCoimisiún uathu sa réimse sin.

66 Ós rud é nach mbaintear úsáid chórasach as an dá mhodh, agus nach bhfuil na torthaí comhardaithe nuair a úsáideann na Ballstáit an dá mhodh, ní féidir comparáid iomlán a dhéanamh idir na sonraí a úsáidtear chun ranníocaíochtaí na mBallstát a ríomh. Na Ballstáit a dhéanann na nósanna imeachta tiomsaithe an athuair chun sonraí ó bhlianta roimhe sin a mheas, ní bheidh siad in ann an leibhéal céanna de cháilíocht sonraí a bhaint amach.

Ní dhéantar an méid a athchúrsáiltear a thomhas ag pointe iontrála na hoibríochta athchúrsála

67 De réir na Treorach maidir le Pacáistíocht agus Dramhaíl ó Phacáistíocht³⁰, ní mór an dramhaíl ó phacáistíocht a athchúrsáiltear a ríomh mar mheáchan na dramhaíola ó phacáistíocht a théann isteach sa phróiseas athchúrsála. Mar sin féin, nuair nach féidir sonraí iontaofa a fháil ar aon slí eile, féadfaidh na Ballstáit an meáchan a thomhas ag deireadh na hoibríochta sórtála agus meánrátaí cailteanais a chur i bhfeidhm (féach mír **12** agus **Fíor 5**).

68 Léirítear i staidéir chun measúnú a dhéanamh ar na cailteanais a d'fhéadfadh a bheith ann idir deireadh na hoibríochta sórtála agus tús na hoibríochta athchúrsála gur féidir leis na méideanna sin a bheith suntasach agus gur féidir leo a bheith an-éagsúil. Mar shampla, rinneadh anailís i staidéar³¹ a rinneadh don Choimisiún in 2019 ar 15 ghléasra athchúrsála ar fud naoi mBallstát. Bhí sé sin mar chuid den obair chun measúnú a dhéanamh ar na sonraí a tuairiscíodh do Eurostat chun spriocanna athchúrsála dramhaíola ó phacáistíocht a chomhlíonadh. Sainaithníodh sa staidéar rátaí cailteanais idir 20 % agus 45 % d'ionchur iomlán an phróisis, mar gheall ar ábhar nach spriocábhar é a bhaint nó mar gheall ar chaillteanas taise.

³⁰ Airteagal 6(a) den Treoir maidir le Pacáistíocht agus Dramhaíl ó Phacáistíocht, [94/62/CE](#).

³¹ [Staidéar chun tacú le cur chun feidhme na n-oibleagáidí tuairiscithe a eascraíonn as an reachtaíocht nua maidir le dramhaíl a glacadh in 2018](#), Tuarascáil chríochnaitheach 2019.

69 Rinneamar anailís ar na tuarascálacha cáilíochta a chuir na Ballstáit isteach agus sheiceáladar an raibh ceanglas na Treorach maidir le Pacáistíocht agus Dramhaíl ó Phacáistíocht á chur i bhfeidhm ag na Ballstáit. Léiríonn ár n-anailís nár thuairiscigh ach sé Bhallstát sonraí athchúrsála ag baint úsáid as an bpointe tomhais a cheanglaítear leis an reachtaíocht (dul isteach san oibríocht athchúrsála). Bhain tromlach (19) na mBallstát úsáid as an maolú a leagtar amach sa reachtaíocht, go príomha trí mhéid an phlaistigh a imíonn as an tsaoráid sórtála a thomhas agus trí mheánrátaí cailteanais a chur i bhfeidhm idir 6 % agus 54 %. Níor chuir an dá Bhallstát eile an fhaisnéis sin isteach.

70 Le linn ár gcuarirteanna ar an láthair, thugamar faoi deara nach raibh sé coitianta do shaoráidí athchúrsála scálaí a bheith acu chun pacáistíocht phlaisteach a mheá ar theacht isteach san oibríocht athchúrsála dóibh, rud atá leagtha síos mar phointe ríofa sa reachtaíocht. Gan scálaí ag an bpointe ríofa, ní mór an méid athchúrsáilte a thomhas go hindíreach trí úsáid a bhaint as an maolú a leagtar amach sa reachtaíocht.

71 Fágann an cleachtas maidir le méid na dramhaíola ag imeacht as an tsaoráid sórtála a thomhas, mar aon le heaspa rialacha soiléire de chuid an Aontais maidir le meánrátaí cailteanais roimh an oibríocht athchúrsála (féach mír **52**), nach bhfuil meastacháin na mBallstát ar mhéideanna athchúrsáilte chomh hinchomparáide ná chomh hiontaofa céanna.

Tá baol ann go bhféadfadh na sonraí maidir le cainníochtaí athchúrsáilte a bheith neamhiontaofa, mar gheall ar easpa seiceálacha ar phróiseáil dramhaíola a fhaigheann athchúrsáilte

72 Mar a thuairiscítear i mír **09**, ba cheart do na Ballstáit sonraí a thiomsú maidir le méid na dramhaíola ó phacáistíocht phlaisteach a ghintear agus maidir leis an méid a athchúrsáiltear. Éilíonn an sainmhíniú ar athchúrsáil go ndéanfar dramhaíl a athphróiseáil ina táirgí, ina hábhair nó ina substaintí chun go measfar í a bheith athchúrsáilte³².

³² Airteagal 3(17) den Treoir Réime Dramhaíola, [2008/98/CE](#).

Ní dhéantar seiceálacha chun a chinntiú go bhfuil athchúrsáil iarbhír á déanamh ar an dramhaíl a fhaigheann na hathchúrsálaithe

73 Sna trí Bhallstát ar thugamar cuairt orthu, rinne na heagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí (EFTanna) na príomhshonraí a bhí le húsáid le haghaidh acmhainní dílse (i.e. dramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach a gineadh agus a athchúrsáladh) a sholáthar do na húdaráis náisiúnta. Cruthaíodh na heagraíochtaí sin sna Ballstáit chun aghaidh a thabhairt ar cheanglais náisiúnta na bhfreagrachtaí leathnaithe táirgeora (FLT), mar a shainítear sa Treoir Réime Dramhaíola (féach [Bosca 1](#)).

Bosca 1

Eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí

Sa Treoir Réime Dramhaíola, déantar an ‘scéim freagrachta leathnaithe táirgeora’ (scéim FLT) a shainmhíniú mar shraith de bhearta a ghlacann na Ballstáit chun a chinntiú go mbeidh táirgeoirí freagrach as céim dhramhaíola shaolré a dtáirge a bhainistiú.

Is minic a bhaineann cur i bhfeidhm choincheap FLT le heagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí, a ghníomhaíonn thar ceann roinnt táirgeoirí pacáistíochta chun córais a bhunú chun a ndramhaíl a bhailiú agus a athchúrsáil. Tá na heagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí freagrach freisin as spriocanna athchúrsála a bhaint amach.

Is féidir le Ballstáit EFT amháin nó níos mó a bheith acu chun déileáil le dramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach agus chun na sonraí ábhartha a thuairisciú do na húdaráis. Mar shampla, tá EFT amháin ag an Ísiltír, tá cúig EFT ag an Iodáil a thuairiscíonn sonraí trí chuibhreannas, agus tá 16 EFT ag an Rómáin, agus bíonn gach ceann acu ag tuairisciú go neamhspleách do na húdaráis náisiúnta.

74 Le linn na gcuairteanna ar na trí Bhallstát, bhailíomar faisnéis faoi na cineálacha seiceálacha a rinneadh chun a áirithiú go raibh na sonraí a úsáideadh iontaofa go leor. Fuair amach go ndearnadh cuid acu ar tháirgeoirí pacáistíochta plaistí chun iontaofacht na sonraí a cuireadh ar fáil a fhíorú. Is iad na heagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí nó údaráis na mBallstát a rinne iad sin.


75 Mar sin féin, ní dhearna údaráis na mBallstát ná an Coimisiún seiceálacha ná iniúchtaí chun a mheas an ndearnadh an dramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach a fuair na hathchúrsálaithe a phróiseáil go héifeachtach ina dtáirgí eile. Ní chuimsítear i nósanna imeachta fíorúcháin Eurostat aon seiceálacha ar athchúrsálaithe. Ní cheanglaítear leis an reachtaíocht chomhshaoil ná leis an reachtaíocht maidir le hacmhainní dílse seiceálacha den sórt sin a dhéanamh.

76 Fuairamar amach freisin go raibh riosca an-ard ann nach ndéanfadh athchúrsálaithe an dramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach a fuarthas a phróiseáil, mar gheall ar na cúiseanna a mhínítear sna míreanna seo a leanas.

77 Dúirt na húdaráis agus na hathchúrsálaithe sna trí Bhallstát ar thugamar cuairt orthu, i gcás go leor cineálacha pacáistíochta plaistí, nach raibh an athchúrsáil inmharthana go heacnamaíoch toisc go raibh plaisteach íon níos saoire ná plaisteach athchúrsáilte. Dá bhrí sin, bhí ar na heagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí cúiteamh a thabhairt d'athchúrsálaithe as dramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach a fháil ag a gcuid saoráidí chun na spriocanna athchúrsála a leagtar síos sa reachtaíocht a bhaint amach. Méadaíonn sé sin an baol nach mbeidh aon dreasacht ag athchúrsálaithe tuilleadh acmhainní a infheistiú i bpróiseáil dramhaíola a fhaightear.

78 Chuir an EFT is mó le haghaidh pacáistíocht phlaisteach i gceann de na Ballstáit ar thugamar cuairt orthu (a chlúdaíonn thart ar 84 % den mhargadh) faisnéis ar fáil dúinn maidir le hinmharthanacht eacnamaíoch na hathchúrsála pacáistíochta plaistí. Léirítear i **bhFíor 13** méid na pacáistíochta plaistí a bhfuair siad íocaíocht ina leith ó athchúrsálaithe agus an méid ar íoc siad ranníocaíocht le hathchúrsálaithe ina leith in 2022. Don chuid is mó den phlaisteach a seoladh chuig na hathchúrsálaithe, ní raibh aon asraon margaidh inmharthana ann. Ciallaíonn sé sin nach raibh aon dreasacht eacnamaíoch ann chun é a athchúrsáil.

Fíor 13 – Inmharthanacht eacnamaíoch íseal ag athchúrsáil dramhaíola ó phacáistíocht phlaisteach (mar shampla i mBallstát amháin)



Foinse: CIE, bunaithe ar fhaisnéis a bailíodh i mBallstát amháin.

79 Ina theannta sin, ós rud é go n-úsáideann formhór na mBallstát an maolú maidir leis an bpointe ríofa (féach mír **69**), ní dhéantar an dramhaíl a thomhas ag dul isteach san oibríocht athchúrsála, ach is amhlaidh go dtomhaistear é ag teacht amach as an oibríocht sórtála. Dá bhrí sin, níl ach dearbhú teoranta ann go ndéantar próiseáil iarbhír ar an dramhaíl a dhearbhaíonn na hathchúrsálaithe go bhfuarthas í.

80 Mura ndéantar an dramhaíl phlaisteach a fhaigheann athchúrsálaithe a phróiseáil mar a cheanglaítear leis an Treoir Réime Dramhaíola agus má dhéantar í a loingsiú nó a dhíúscairt go neamhdhleathach ina ionad sin, is coir chomhshaoil é sin. Léiríonn Measúnuithe Europol ar Bhagairt na Coireachta Tromchúisí Eagraithe le blianta beaga anuas³³ gur bagairt shuntasach é an cineál seo coireachta agus go bhfuil sé mar phríomhfhócas ina chuid oibre.

81 Déantar cur síos níos mionsonraithe in athbhreithniú CIE ar ghníomhaíocht an Aontais chun dul i ngleic le saincheist na dramhaíola plaistí³⁴ ar na sásraí a bhaineann le gáinneáil ar dhramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach. Cuirtear i dtábhacht ann go bhfuil nasc idir díúscairt neamhdhleathach dramhaíola agus coireacht eagraithe agus sciúradh airgid. Tugtar faoi deara san athbhreithniú freisin go bhfuil sé seo ar cheann de na gníomhaíochtaí neamhdhleathacha is brabúsaí ar domhan, mar gheall ar an riosca íseal ionchúisimh agus fíneálacha ísle.

82 Tá na Ballstáit freagrach as gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin sa réimse sin. I dTreoir AE 2008 maidir le Coireacht Chomhshaoil³⁵, leagtar síos íoschaighdeán cosanta comhshaoil tríd an dlí coiriúil atá le glacadh ag na Ballstáit. Mar sin féin, thángthas ar an gconclúid i meastóireacht ón gCoimisiún in 2020 nach raibh mórán éifeachta go praiticiúil ag an treoir³⁶.

83 Tugtar samplaí i *mBosca 2* den chaoi ar féidir le gníomhaíochtaí neamhdhleathacha difear a dhéanamh d'iontaofacht na méideanna a dhearbhaítear a bheith athchúrsáilte, trí dhá chás fíorshaoil a nocht údaráis forfheidhmithe dlí le déanaí i dtrí Bhallstát a chur i láthair.

³³ SOCTA 2013, SOCTA 2017 agus SOCTA 2021.

³⁴ Athbhreithniú Uimh. 04/2020: Gníomhaíocht an Aontais chun dul i ngleic le saincheist na dramhaíola plaistí.

³⁵ Treoir 2008/99/CE.

³⁶ Tuarascáil mheastóireachta ar an Treoir maidir le Coireacht Chomhshaoil.

Bosca 2

Samplaí de ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha a bhaineann le dramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach

Gáinneáil ar dhramhaíl idir an Fhrainc agus an Spáinn

Tháinig oibríocht chomhpháirteach idir údaráis náisiúnta na Spáinne agus na Fraince in 2022 ar líonra, a rinne gáinneáil ar dhramhaíl ón bhFrainc, agus í a dhiúscairt go neamhdhleathach i líonadh talún sa Spáinn³⁷.

Rinneadh an meascán de phlaistigh, de pháipéar agus de chairtchlár a dhearbhú mar ábhar a bhí seolta lena athchúrsáil. Ó lár 2020 i leith, rinneadh níos mó ná 30 000 tona den dramhaíl sin a gháinneáil chun na Spáinne, rud a thuill na milliúin de bhrabús don líonra.

Grúpa coiriúil atá speisialaithe i méideanna athchúrsáilte a fhalsú sa Rómáin

In 2023, shainaithin údaráis na Rómáine grúpa coiriúil eagraithe a bhí ag oibriú le 10 mbliana roimhe sin i mbainistiú dramhaíola³⁸. Ba é an cuspóir a bhí leis ná buntáiste airgeadais míchuí a fháil tríd an méid dramhaíola samhailtí is mó is féidir a thuairisciú mar dhramhaíl athchúrsáilte. Chuir an grúpa sonraisc bhréagacha ar fáil chun a thaispeáint gur díoladh nó gur seachadadh an dramhaíl chuig athchúrsálaithe/bailitheoirí éagsúla.

³⁷ Preasráiteas ó Phóilíní na Spáinne, 23.7.2022.

³⁸ Preasráiteas ón Stiúrthóireacht um Imscrúdú ar Choireacht Eagraithe agus Sceimhlitheoireacht na Rómáine, 21.3.2023.

84 Mar gheall ar easpa seiceálacha agus na tosca a dtugtar tuairisc orthu i míreanna **77** go **83**, tá riosca suntasach ann go mb'fhéidir nach ndéanfaí cuid den dramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach a fhaigheann athchúrsáil a athchúrsáil ina dhiaidh sin. Mar thoradh ar dhiúscairt dramhaíola neamhdhleathaí, i gcás ina ndéantar dramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach a dhearbhaítear a bheith athchúrsáilte a loscadh, a dhiúscairt sa timpeallacht nádúrtha nó a sheoladh chuig líonadh talún, laghdaítear na méideanna is iníoctha don acmhainn dhílis. Ba é 6.6 billiún cileagram (41 % den dramhaíl iomlán a gineadh) an méid iomlán a dhearbhaigh na Ballstáit a bheith athchúrsáilte do 2021, arb ionann é agus laghdú €5.3 billiún ar ranníocaíochtaí na mBallstát.

Ní féidir leis na Ballstáit a chinntiú go bhfuil na coinníollacha maidir le hathchúrsáil dramhaíola ó phacáistíocht phlaisteach a onnmhairítear lasmuigh den Aontas coibhéiseach a bheag nó a mhór le próisis athchúrsála an Aontais

85 De réir na Treorach maidir le Pacáistíocht agus Dramhaíl ó Phacáistíocht, nuair a onnmhairítear dramhaíl lasmuigh den Aontas lena hathchúrsáil, ní mór do na Ballstáit a léiriú go bhfuil na coinníollacha coibhéiseach a bheag nó a mhór le ceanglais reachtaíocht ábhartha an Aontais maidir leis an gcomhshaol (féach mír **14**).

86 Mar a thuairiscítear i míreanna **73** go **84**, is beag dearbhú atá ann go ndéanfar an dramhaíl a fhaigheann athchúrsáilte san Aontas a athchúrsáil ina dhiaidh sin. Is amhlaidh atá i gcás dramhaíl phlaisteach a onnmhairítear lasmuigh den Aontas lena hathchúrsáil. Cé go bhforchuirtear leis an Rialachán maidir le Loingsiú Dramhaíola teorainneacha ar na tíortha ar féidir leo dramhaíl phlaisteach a fháil ón Aontas, níl na Ballstáit in ann a fhíorú faoi láthair go ndéantar dramhaíl a onnmhairítear lasmuigh den Aontas a athchúrsáil i ndálaí atá coibhéiseach a bheag nó a mhór le ceanglais an Aontais.

87 Dúirt na Ballstáit ar thugamar cuairt orthu agus na Ballstáit a chuireamar faoi agallamh go cianda i ndiaidh a bhfreagraí ar ár suirbhé, i gcás onnmhairí lasmuigh den Aontas, go bhfuil sé an-deacair faisnéis a fháil maidir leis na méideanna a athchúrsáladh bunaithe ar an bpointe ríofa. Dá bhrí sin, níl aon dearbhú ann go ndéantar an dramhaíl seo a athchúrsáil i ndáiríre. Cruthaíonn sé sin riosca d'iontaofacht na sonraí a úsáidtear le haghaidh acmhainní dílse.

88 Ba é 268 milliún cileagram (4.1 % den mhéid iomlán a athchúrsáladh) méid na dramhaíola ó phacáistíocht phlaisteach a dearbhaíodh a bheith athchúrsáilte lasmuigh den Aontas sna ráitis bhliantúla a thíolaic na Ballstáit in Iúil 2023 (ag tagairt don bhliain 2021). Is ionann é sin agus laghdú €214 mhilliún ar ranníocaíochtaí na mBallstát.

Leanann cigireachtaí an Choimisiúin próisis sheanbhunaithe, ach ní leor iad chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí is airde do thiomsú sonraí

89 Le próiseas fíorúcháin Eurostat, lena mbaineann cigireachtaí agus seiceálacha deisce, ba cheart na rioscaí a bhaineann le tiomsú sonraí maidir le dramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach a chumhdach go leordhóthanach agus ba cheart feabhsuithe ar inchomparáideacht, iontaofacht agus uileghabhálacht sonraí a bheith mar thoradh air³⁹.

90 Úsáideann Eurostat próiseas ilbhliantúil chun sonraí na mBallstát a fhíorú. Cuireadh tús leis an gcéad phróiseas fíorúcháin i Meán Fómhair 2023 (tar éis do na Ballstáit a gcuid sonraí le haghaidh 2021 a thíolacadh) agus tiocfaidh deireadh leis in 2026. Tá na fíoruithe bunaithe ar na ráitis bhliantúla, na tuarascálacha cáilíochta agus fardail foinsí agus modhanna a úsáidtear chun na sonraí staidrimh ábhartha a thiomsú (féach na mionsonraí i *mBosca 3*). Áirítear leo freisin cuairteanna cigireachta sna Ballstáit. Mar thoradh ar a chigireachtaí, agus d'fhonn buiséad an Aontais a chosaint, socraíonn AS BUDG forchoimeádais maidir le nósanna imeachta tiomsaithe na mBallstát i gcás inar gá. Is féidir iad seo a bhaint a luaithe agus a dhéantar an feabhas is gá ar nósanna imeachta tiomsaithe. Mar sin féin, mar atá i gcás acmhainní dílse eile, d'fhéadfadh sé, go praiticiúil, go dtógfadh an próiseas chun na forchoimeádais a bhaint roinnt blianta.

³⁹ Aithris 3 de Rialachán Cur Chun Feidhme 595/2023.

Bosca 3

Na príomhghoiciméid a bhíonn á dtáirgeadh ag na Ballstáit



Ráiteas bliantúil

Tuarascáil lena soláthraítear sonraí staidrimh maidir le meáchan na dramhaíola ó phacáistíocht phlaisteach a ghintear sa Bhallstát agus maidir leis an meáchan a athchúrsáiltear, agus lena n-áirítear ríomh na hacmhainne dílse bunaithe ar dhramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach neamh-athchúrsáilte.



Tuarascáil cháilíochta

Doiciméad a tháirgtear mar chuid den bhailiú bliantúil sonraí faoin Treoir maidir le Pacáistíocht agus Dramhaíl ó Phacáistíocht. Áirítear ann tuairisc ghairid ar na próisis tiomsaithe le haghaidh na sonraí maidir le giniúint agus athchúrsáil dramhaíola ó phacáistíocht.



Fardal na bhfoinsí agus na modhanna

Tuairisc mhionsonraithe ar na foinsí, ar na modhanna agus ar na próisis tiomsaithe a úsáideadh chun na sonraí do na ráitis bhliantúla a tháirgeadh.

Foinse: CIE, bunaithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/595 ón gCoimisiún, Cinneadh 2005/270/CE ón gCoimisiún agus doiciméad SPPW/2021-1/07 ón gCoimisiún.

91 Scrúdaíomar samhail anailíse riosca Eurostat agus an chaoi ar cuireadh i bhfeidhm í chun tosaíocht a thabhairt do na Ballstáit le haghaidh cuairteanna cigireachta. Rinneamar anailís freisin ar nósanna imeachta Eurostat chun a fhíoruithe a dhéanamh sna Ballstáit. Inár suirbhé, d'iarramar ar na Ballstáit ar cumhdaíodh na príomhrioscaí don acmhainn dhílis le cur chuige fíorúcháin Eurostat. Fuaireamar amach gur lean creat fíorúcháin Eurostat próisis agus modheolaíochtaí atá cosúil leis na próisis agus modheolaíochtaí a chuireann an Coimisiún i bhfeidhm maidir le fíorú acmhainní dílse eile, amhail acmhainní dílse OIN-bhunaithe agus CBL-bhunaithe.

92 Féadfar fíorú díreach sonraí i réimsí ardriosca i ngach Ballstát a áireamh i gcuartheanna cigireachta Eurostat. Is éard atá i gceist leis sin ná seiceáil a dhéanamh ar ghné amháin nó níos mó de thiomsú sonraí, agus é mar aidhm rian fíorúcháin a bhunú ó chomhchodanna roghnaithe dramhaíola ó phacáistíocht phlaisteach síos go dtí na sonraí foinseacha. Tráth ár n-iniúchta, ní raibh aon chritéir forbartha ag Eurostat chun measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le fíoruithe díreacha sna Ballstáit. Tá an baol ann mar gheall ar an easpa critéar comhchuibhithe go bhféadfadh sé nach gcuirfeadh oifigigh dheisce cur chuige comhsheasmhach i bhfeidhm maidir le fíoruithe díreacha i mBallstáit éagsúla. Faoi Fheabhra 2024, ní raibh fíoruithe díreacha déanta ag Eurostat ar nósanna imeachta tiomsaithe sonraí in aon cheann de na cúig Bhallstát a ndearna sé cigireacht orthu.

93 Léiríonn torthaí an tsuirbhé gur mheas formhór na mBallstát (81 % díobh siúd a thug freagra ar ár suirbhé) gur chlúdaigh an próiseas fíorúcháin a bhí molta ag Eurostat na príomhrioscaí go hiomlán nó go pointe áirithe. Mar sin féin, ní raibh thart ar leath de na Ballstáit ag dréim leis go dtabharfadh an próiseas fíorúcháin aghaidh go leordhóthanach ar na rioscaí a bhaineann leis na nithe seo a leanas: an modh bunaithe ar ‘chur ar an margadh’; an modh bunaithe ar anailís dramhaíola; comhardú; gan fíorú neamhspleách ar shonraí maidir le méideanna athchúrsáilte a bheith ann; agus gan meastachán iontaofa a bheith á dhéanamh ar rátaí caillteanais.

94 Ós rud é nár tugadh aghaidh go fóill ar roinnt saincheisteanna modheolaíochta, beidh sé deacair a áirithiú go mbeidh na príomhrioscaí a bhaineann le cáilíocht sonraí na mBallstát clúdaithe go leormhaith sa timthriall fíorúcháin reatha. Éilíonn roinnt saincheisteanna go nglacfaí treoraíocht nó reachtaíocht ar leibhéal an Aontais, mar shampla maidir le meánrátaí caillteanais (féach míreanna [51](#) agus [52](#)), agus dá bhrí sin nach féidir aghaidh a thabhairt orthu le fíoruithe Eurostat agus le socrú forchoimeádas ina dhiaidh sin amháin. Ní chumhdaítear saincheisteanna eile, amhail easpa seiceálacha ar phróiseáil dramhaíola a fhaigheann athchúrsálaithe, faoi raon feidhme fhíoruithe Eurostat (féach mír [75](#)).

Conclúidí agus moltaí

95 Táimid tagtha ar an gconclúid nach raibh na Ballstáit ullmhaithe go leordhóthanach chun an acmhainn dhílis bunaithe ar dhramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach neamh-athchúrsáilte a chur chun feidhme agus, cé go raibh gníomhaíochtaí an Choimisiúin chun faireachán a dhéanamh ar an gcur chun feidhme agus chun tacú leis úsáideach chun cáilíocht sonraí a fheabhsú, nach raibh siad tráthúil. Táimid tagtha ar an gconclúid freisin nach raibh na sonraí a úsáideadh le haghaidh acmhainní dílse inchomparáideach ná iontaofa go leor. Déanann sé sin difear freisin do na sonraí a úsáidtear chun tuairisciú a dhéanamh ar bhaint amach na spriocanna athchúrsála a leagtar amach sa Treoir maidir le Pacáistíocht agus Dramhaíl ó Phacáistíocht.

96 Fuaireamar amach nach raibh tabhairt isteach na hacmhainne dílse nua déanta ar bhealach rianúil. Bhí moill ar na Ballstáit ó thaobh príomhghnéithe dlíthiúla a thrasú agus ní dhearna an Coimisiún obair leantach go tráthúil ar na saincheisteanna a bhaineann le trasú a dhéanamh difear do ríomh na hacmhainne dílse (féach míreanna [27-33](#)). Cé go raibh tionchar go pointe áirithe ag srianta phaindéim COVID-19 air sin, fuaireamar amach go raibh tacaíocht an Choimisiúin do na Ballstáit sna céimeanna luatha den chur chun feidhme úsáideach ach nach raibh sí tráthúil (féach míreanna [34-41](#)). Mar gheall ar mhoill i nglacadh na bpríomhcheanglas dlíthiúil, cuireadh cosc ar thabhairt isteach comhchuibhithe na hacmhainne dílse (féach míreanna [44-53](#)). Bhí tionchar ag na saincheisteanna sin ar an gcéad bhliain de chur chun feidhme na hacmhainne dílse bunaithe ar phlaisteach, agus bhí an méid a bailíodh bunaithe ar réamhaisnéisí na mBallstát a bhí €1.1 billiún níos lú ná an méid a bhí bunaithe ar na meastacháin a tuairiscíodh sna ráitis bhliantúla, difríocht a bhí le cúiteamh ag an acmhainn dhílis bunaithe ar OIN agus dá bhrí sin nach raibh tionchar aici ar bhuiséad an Aontais (féach míreanna [54-60](#)). Táthar ag dréim leis go dtabharfar isteach níos mó acmhainní dílse sna blianta amach romhainn (féach mír [02](#)).

Moladh 1 – Na ceachtanna a foghlaimíodh ó thabhairt isteach na hacmhainne dílse bunaithe ar phlaisteach a chur i bhfeidhm

Nuair a bheidh acmhainní dílse á n-ullmhú amach anseo ag an gCoimisiún, ba cheart dó an méid seo a leanas a dhéanamh:

- (a) na hathruithe reachtacha is gá, le hamchlár measta don togra, a shainaithint;
- (b) i gcás ina mbíonn acmhainní dílse nua bunaithe ar shonraí atá le tuairisciú ag na Ballstáit, na príomhrioscaí a dhéanann difear do cháilíocht na sonraí a shainaithint agus an fhaisnéis a roinnt leis na Ballstáit sula dtabharfar isteach na hacmhainní dílse nua;
- (c) nós imeachta éifeachtúil a bhunú chun obair leantach a dhéanamh ar aon neamhchomhlíonadh suntasach a bhraitear le linn trasuí sa reachtaíocht náisiúnta nó ar shaincheisteanna a dhéanann difear do cháilíocht sonraí.

Spricdháta don chur chun feidhme: le haghaidh acmhainní dílse nua a mholtar tar éis 2024

97 Ní raibh príomhnósanna imeachta tiomsaithe sonraí curtha i bhfeidhm ag na Ballstáit, amhail úsáid a bhaint as an dá mhodh tiomsaithe sonraí le haghaidh dramhaíl a gineadh agus na torthaí a chomhardú (féach míreanna [61-66](#)); an pointe tomhais a shonraítear sa reachtaíocht a úsáid chun na méideanna a dhéantar a athchúrsáil a ríomh, nó úsáid a bhaint as meánrátaí cailteanais bunaithe ar rialacha comhchuibhithe (féach míreanna [67-71](#)). Thugamar ar aire freisin go raibh éagsúlacht sa sainmhíniú ar *phlaisteach* i ndoiciméid dhlíthiúla an Aontais (féach míreanna [43-45](#)), agus nach ndearna na Ballstáit uile na rialacha tiomsaithe a cheanglaítear leis an Treoir maidir le Pacáistíocht agus Dramhaíl ó Phacáistíocht a thrasú (féach míreanna [30](#) agus [31](#)).

Moladh 2 – Inchomparáideacht agus iontaofacht sonraí a fheabhsú

Ba cheart don Choimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

- (a) clár ama a bhunú, i gcomhar leis na Ballstáit, chun aghaidh a thabhairt ar na deacrachtaí a chuireann cosc ar gach tír meastachán a dhéanamh ar dhramhaíl a ghintear trí úsáid a bhaint as an dá mhodh agus trí na torthaí a chomhardú;
- (b) in éineacht leis na Ballstáit, a shainaithint cad iad na deacrachtaí a choisceann na Ballstáit ón bpointe ríofa ag tús an phróisis athchúrsála a úsáid chun na méideanna atá fógartha mar mhéideanna athchúrsáilte a shuíomh, agus gníomhaíocht a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na deacrachtaí sin;
- (c) togra athbhreithnithe maidir le gníomh tarmligthe a thíolacadh chun meánrátaí caillteanais a bhunú;
- (d) a mholadh go ndéanfaí an sainmhíniú ar phlaistigh a ailíniú sna téacsanna uile a úsáidtear don acmhainn dhílis atá bunaithe ar phlaisteach.

Spriocdháta don chur chun feidhme: 2026

98 Ní dhéantar foráil sa chreat dlíthiúil do sheiceálacha ar phróisis athchúrsála. Dá bhrí sin, tá baol ann go bhféadfadh sé nach ndéanfaí dramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach, a bheadh dearbhaithe mar athchúrsáilte, a athchúrsáil i ngach cás (féach míreanna [72-84](#)). Fuaireamar freisin nach raibh na Ballstáit in ann a áirithiú go raibh na coinníollacha maidir le hathchúrsáil dramhaíola ó phacáistíocht phlaisteach a onnmhairítear lasmuigh den Aontas coibhéseach a bheag nó a mhór le próisis athchúrsála an Aontais (féach míreanna [85-88](#)). Lean cigireachtaí an Choimisiúin próisis sheanbhunaithe, ach níor thug siad aghaidh go leordhóthanach ar na rioscaí is airde do thiomsú sonraí (féach míreanna [89-94](#)).

Moladh 3 – An riosca maidir le dramhaíl a sheoltar chuig athchúrsálaithe ach nach ndéantar a athchúrsáil ina dhiaidh sin a mhaolú

Ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar an riosca nach ndéantar athchúrsáil ar dhramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach a chuirtear chuig athchúrsálaithe san Aontas agus lasmuigh den Aontas, agus ba cheart dó gníomhaíochtaí iomchuí le haghaidh mhaolú an riosca sin a shainaithint agus iad a phlé leis na Ballstáit d'fhonn go gcuirfear chun feidhme iad.

Spríodhata don chur chun feidhme: 2027


Is é Seomra V, faoi cheannas Jan Gregor (Comhalta den Chúirt), a ghlac an Tuarascáil seo i Lucsamburg ag an gcruinniú a bhí aige an 9 Iúil 2024.

Thar ceann na Cúirte Iniúchóirí

Tony Murphy
Uachtarán

Iarscríbhinní

Iarscríbhinn I – Glan-ranníocaíochtaí na mBallstát leis an acmhainn dhílis bunaithe ar phlaisteach in 2023 agus laghduithe comhfhreagracha



Foinse: CIE, bunaithe ar Thábla 3 de Bhuiséad leasaitheach Uimh. 4 an Aontais don bhliain airgeadais 2023.

Giorrúcháin

AS BUDG: Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid

AS ENV: Ard-Stiúrthóireacht an Chomhshaoil

CBL: Cáin bhreisluacha

EFT: Eagraíocht um fhreagracht táirgeoirí

Eurostat: Oifig staidrimh an Aontais Eorpaigh

FLT: Freagracht leathnaithe táirgeora

OIN: Ollioncam náisiúnta

OTN: Olltáirgeacht náisiúnta

SPPW: Staidreamh um dhramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach

Gluais

Cur chuige bunaithe ar chur ar an margadh: Modh chun meastachán a dhéanamh ar dhramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach tráth a sholáthraítear an táirge lena dháileadh, lena thomhailt nó lena úsáid, bunaithe den chuid is mó ar shonraí ó tháirgeoirí pacáistíochta plaistí.

Eagraíocht um fhreagracht táirgeoirí: Comhlacht arna bhunú ag monaróirí chun a n-oibleagáidí a chomhlíonadh i leith tionchar a dtáirgí ar an gcomhshaol.

Freagracht leathnaithe táirgeora: Cur chuige lena gcuirtear an chéim iarthomhaltais de shaolré táirge, lena n-áirítear athchúrsáil agus diúscairt, le freagrachtaí comhshaoil an táirgeora.

Freagraí ón gCoimisiún

<https://www.eca.europa.eu/ga/publications/sr-2024-16>

Amlíne

<https://www.eca.europa.eu/ga/publications/sr-2024-16>

Foireann iniúchóireachta

I dtuarascálacha speisialta na Cúirte Iniúcháirí, leagtar amach torthaí a hiniúchtaí ar bheartais agus ar chláir an Aontais, nó ar thopaicí a bhaineann le bainistiú i dtaobh réimsí buiséadacha sonracha. Roghnaíonn agus dearann an Chúirt Iniúcháirí na tascanna iniúchóireachta sin a mbeidh an tionchar is mó is féidir acu trí bhreithniú a dhéanamh ar na rioscaí don fheidhmíocht nó don chomhlíontacht, ar leibhéal an ioncaim nó an chaiteachais lena mbaineann, ar fhorbairtí atá ar na bacáin agus ar an leas polaitiúil agus poiblí.

Is é Seomra Iniúchóireachta V – Maoiniú agus Riar an Aontais, atá faoi cheannas Jan Gregor (Comhalta den Chúirt), a rinne an t-iniúchadh feidhmíochta seo. Rinneadh an iniúchóireacht faoi stiúir Lefteris Christoforou (Comhalta den Chúirt) agus fuarthas tacaíocht ó na daoine seo a leanas: Theodosis Tsiolas (Ceann na hOifige Príobháidí), Panagiota Liapi (Ataisé na hOifige Príobháidí), Alberto Gasperoni (Príomhbhainisteoir), José Parente (Ceann Cúraim), Diana Voinea (Leas-Cheann Cúraim), agus Tadhg Ó Caoimh, Eda Caliskan agus Marco Fians (Iniúcháirí). Chuir Giuliana Lucchese tacaíocht ghrafach ar fáil.



Ó chlé go deas: Panagiota Liapi, Alberto Gasperoni, José Parente, Diana Voinea, Lefteris Christoforou, Tadhg Ó Caoimh, Eda Caliskan, Marco Fians agus Theodosis Tsiolas.

CÓIPCHEART

© An tAontas Eorpach, 2024

Is i gCinneadh Uimh. 6-2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir leis an mbeartas sonraí oscailte agus athúsáid doiciméad a leagtar amach an beartas athúsáide atá ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa.

Mura léirítear a mhalairt (e.g. i bhfógraí cóipchirt aonair), déantar ábhar na Cúirte Iniúchóirí atá faoi úinéireacht an Aontais a cheadúnú faoi [cheadúnas Creative Commons – Sannadh 4.0 Idirnáisiúnta \(CC BY 4.0\)](#). Mar riail ghinearálta, dá bhrí sin, ceadaítear athúsáid ar choinníoll go dtugtar aitheantas cuí agus go léirítear aon athruithe. Ní fhéadfaidh aon duine atá ag baint athúsáid as ábhar na Cúirte Iniúchóirí an bhunbhrí ná an teachtaireacht a shaobhadh. Ní bheidh an Chúirt Iniúchóirí faoi dhliteanas i leith aon iarmhairt a bhaineann le hathúsáid.

Caithfear cead breise a fháil má léirítear daoine príobháideacha inaitheanta in ábhar ar leith, e.g. i bpictiúir d'fhoireann na Cúirte nó má tá oibreacha tríú páirtí san áireamh.

I gcás ina bhfaightear an cead sin, cuirfidh sé an cead ginearálta thuasluaite ar ceal agus tiocfaidh sé ina ionad, agus beidh sé ráite go soiléir sa chead nua má tá aon srianta eile ann maidir le húsáid.

D'fhéadfadh sé gur gá cead a lorg go díreach ó shealbhóirí an chóipchirt chun ábhar nach leis an Aontas Eorpach é a úsáid nó a atáirgeadh.

Maidir le bogearraí nó doiciméid atá cumhdaithe ag cearta maoine tionsclaíche, amhail paitinní, trádmarcanna, dearaí cláraithe, lógónna agus ainmneacha, tá siad eisiata ó bheartas athúsáide na Cúirte Iniúchóirí.

Tá naisc chuig suíomhanna gréasáin tríú páirtí le fáil ar shuíomhanna gréasáin an Aontais Eorpaigh atá san fhearann europa.eu. Ós rud é nach bhfuil aon smacht ag an gCúirt orthu sin, moltar duit a mbeartais phríobháideachais agus cóipchirt a léamh go cúramach.

Úsáid lógó CIE

Ní fhéadtar lógó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a úsáid gan toiliú a fháil ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa roimh ré.

HTML	ISBN 978-92-849-2845-3	ISSN 2529-3370	doi:10.2865/956800	QJ-AB-24-018-GA-Q
PDF	ISBN 978-92-849-2866-8	ISSN 2529-3370	doi:10.2865/814423	QJ-AB-24-018-GA-N

I mí Eanáir 2021, thug an tAontas isteach acmhainn dhílis nua bunaithe ar dhramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach neamh-athchúrsáilte arna ghiniúint ag na Ballstáit. In 2023, is é €7.2 billiún, nó 4.0 % d'ioncam iomlán an Aontais, a bhí i gceist leis sin. Rinneamar measúnú ar thabhairt isteach na hacmhainne dílse nua seo. Táimid tagtha ar an gconclúid nach raibh na Ballstáit sách ullmhaithe agus nach raibh na sonraí a úsáideadh sách inchomparáide ná sách iontaoifa. Cé gur chuir gníomhaíochtaí an Choimisiúin feabhas ar cháilíocht na sonraí, ní dhearnadh na gníomhaíochtaí sin in am. Molaimid don Choimisiún na ceachtanna a foghlaimíodh ó thabhairt isteach na hacmhainne dílse nua seo a chur i bhfeidhm, feabhas a chur ar inchomparáideacht agus iontaofacht sonraí, agus an riosca nach ndéantar athchúrsáil iarbhrí ar dhramhaíl a chuirtear chuig athchúrsálaithe a mhaolú.

Tuarascáil speisialta ón gCúirt Iniúchóirí de bhun Airteagal 287(4), an dara fómhír, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.



CÚIRT
INIÚCHÓIRÍ
NA hEORPA



Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh

CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA
12, rue Alcide De Gasperi
1615 Luxembourg
LUCSAMBURG

Teil. +352 4398-1

Fiosrúcháin: eca.europa.eu/ga/contact
Suíomh Gréasáin: eca.europa.eu
Twitter: @EUAuditors